AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 7.12.2011
COIM(2011) 838 leagan deireanach

2011/0404 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA II)

{SEC(2011) 1462 leagan deireanach}
{SEC(2011) 1463 leagan deireanach}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Ba cheart breathnú ar an togra seo i gcomhthéacs na n-ionstraimí airgeadais go léir arna mbeartú le haghaidh na peirspictíochta airgeadais 2014-2020 mar atá leagtha amach sa Teachtaireacht *A Budget for Europe 2020* (Buiséad don Eoraip 2020)[1]. Leagann an Coimisiún síos an creat buiséadach maidir le hionstraimí gníomhaíochta seachtraí an AE faoi Cheannteideal 4 (An Eoraip Dhomhanda), lena n-áirítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA). Ar a bhonn sin, tá an Coimisiún ag tíolacadh dréacht-rialacháin lena leagfar síos an creat rialaitheach i gcomhair na hIonstraime nua um Chúnamh Réamhaontachais, maille le measúnú ar thionchar na gcásanna malartacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an ionstraim.

Déantar foráil in Airteagal 49 den Chonradh ar an Aontas Eorpach go bhféadfaidh aon Stát Eorpach a urramaíonn luachanna an AE dá dtagraítear in Airteagal 2 den Chonradh agus atá tiomanta iad a chur chun cinn go comhpháirteach iarratas a dhéanamh chun bheith ina chomhalta den Aontas.

Le 50 bliain anuas, tá an AE ag saothrú go comhuaineach lánpháirtiú agus méadú, ag méadú ó 6 Bhallstát go 27 Ballstát, mar atá ann faoi láthair, agus ó dhaonra ar ionann é agus níos lú ná 200 milliún duine go breis agus 500 milliún duine. Le hathbhreithniú[2]a rinneadh cúig bliana tar éis an cúigiú méadaithe den AE in 2004, thángthas ar na conclúidí seo a leanas: gur soláthraíodh leis na méaduithe is déanaí rathúnas ní b'fhearr do gach saoránach de chuid an AE agus go ndearnadh gníomhaí ní ba láidre den Eoraip i ngeilleagar an domhain; go raibh páirt lárnach ag creataí institiúideacha agus dlí an AE maidir leis an rath a áirithiú; gur bhain fiontraithe agus saoránaigh leas as sochair shoiléire; agus go raibh an AE méadaithe ní ba chumasaí chun dul i ngleic leis na dúshláin reatha agus sa todhchaí.

Ina conclúidí an 14 Nollaig 2010 is déanaí a dhearbhaigh an Chomhairle athuair an réasúnaíocht ba bhun le méadú an AE: *'Atreisítear leis an méadú an tsíocháin, an daonlathas agus an chobhsaíocht san Eoraip, fóintear do leasanna straitéiseacha an AE, agus cuidítear leis an AE le gur fearr a bhainfidh sé a chuspóirí beartais amach i réimsí atá ríthábhachtach maidir leis an téarnamh eacnamaíoch agus leis an bhfás inbhuanaithe'*. Dearbhaíodh in athuair i i gconclúidí na Comhairle go bhféadfadh an AE, agus an Conradh Liospóin á theacht i bhfeidhm, a chlár oibre um méadú a shaothrú agus spreagadh an lánpháirtithe ní ba dhoimhne a choinneáil.

---

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *A Budget for Europe 2020* (Buiséad don Eoraip 2020*)*, COIM(2011)500 críochnaitheach, 29.6.2011

[2] *Five years of an enlarged EU – economic achievements and challenges* (Cúig Bliana den AE méadaithe - mórghníomhartha agus dúshláin eacnamaíochta) - Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle, chuig an bParlaimint, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an BCE, an 20 Feabhra 2009

Tá an AE ag déileáil faoi láthair le 5 thír is iarrthóirí[3] agus le 4 iarrthóir ionchasacha[4]. Faoin mbliain 2014, is é an Chróit amháin a bheidh ina Ballstát. Léirítear leis na táscairí socheacnamaíocha go bhfuil tíortha an mhéadaithe, cé is moite den Íoslainn, go fóill i bhfad faoi mheán an AE, agus fiú faoi leibhéal na mBallstát is laige. Mar thoradh ar an leibhéal íseal seo d'fhorbairt shocheacnamaíoch beidh infheistíochtaí móra de dhíth chun na tíortha sin a thabhairt níos gaire do chaighdeáin an AE agus chun cur ar a gcumas na hoibleagáidí ballraíochta a ghlacadh agus brúnna iomaíocha an mhargaidh aonair a sheasamh. Ina theannta sin, is gá do na tíortha sin a bheith ullmhaithe chun dúshláin fhoriomlána amhail an t-athrú aeráide a sheasamh agus a bheith ar chomhréim le hiarrachtaí an AE chun dul i ngleic leis an tsaincheist chasta sin. I measc 5 phríomhchuspóir Straitéis 2020 an AE maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, áirítear dul i ngleic le spriocanna athraithe aeráide agus spriocanna maidir le fuinnimh in-athnuaite. Tá muinín ag an AE as an tsamhail fáis ísealcharbóin agus is gá í seo a fhortheilgean go seachtrach, agus sa phróiseas um méadú freisin.

Ina theannta sin, is stáit measartha óg iad tíortha na mBalcán Thiar a cruthaíodh tar éis dhíscaoileadh na hIar-Iúgslaive. Ní mór cobhsaíocht pholaitiúil, bunú iomlán phrionsabail an daonlathais agus meas ar chearta an duine agus ar dhea-rialachas - ar luachanna bunúsacha an AE iad - a neartú go fóill.

*Ní fhéadann na tíortha sin gach iarracht agus costas a bhaineann le critéir chun dul isteach san AE a chothú ina n-aonar. Níl an cumas ag an gcuid is mó acu na hathchóirithe institiúideacha agus na hinfheistíochtaí poiblí a mhaoiniú ina n-aonar atá riachtanach d'fhonn a gcuid sochaithe* agus a ngeilleagair a chobhsú agus d'fhonn iad a chur i dtreo forbartha inbhuanaithe.

**Soláthraítear cúnamh teicniúil agus airgeadais do thíortha an Mhéadaithe faoi láthair trí bhíthin na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais (IPA)[5]. Rachaidh an ionstraim seo as feidhm ag deireadh 2013. I bhfianaise aontachas sa todhchaí, ba cheart don AE cúnamh teicniúil agus airgeadais a thairiscint do thíortha is iarrthóirí agus d'iarrthóirí ionchasacha d'fhonn a gcás deacair a shárú agus d'fhonn forbairt go hinbhuanaithe.**

Ba cheart leis an ionstraim réamhaontachais nua leanúint ag *díriú ar an mBeartas um Méadú a bhaint amach*, beartas ar ceann de phríomhthosaíochtaí Ghníomhaíocht Sheachtrach an AE é, lena gcuideofar leis an gcobhsaíocht, leis an tslándáil agus leis an rathúnas a chur chun cinn san Eoraip. Chuige sin, ba cheart leis an ionstraim nua an cuspóir foriomlán a shaothrú, is é sin tacú leis na tíortha is iarrthóirí agus na hiarrthóirí ionchasacha agus iad á n-ullmhú féin le bheith ina mball den AE, agus cabhrú leo a gcórais/a ngeilleagar náisiúnta a chur i gcomhréir diaidh ar ndiaidh le caighdeáin agus beartais an Aontais Eorpaigh, de réir a riachtanas sonrach agus an chláir oibre ar leith atá acu maidir leis an méadú. Agus an méid sin á dhéanamh, ba cheart an comhchuibheas idir an cúnamh airgeadais agus an dul chun cinn foriomlán arna dhéanamh maidir le cur chun feidhme na straitéise réamhaontachais a neartú.

Ina theannta sin, ní mór cúnamh réamhaontachais sa todhchaí a bheith níos straitéisí, níos éifeachtúla agus níos sonraithe ná mar a bhí sé go dtí seo, ag díriú ar thorthaí níos

3 an Chróit, Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine, an Íoslainn, Montainéagró agus an Tuirc

4 an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an tSeirbia chomh maith leis an gCosaiv faoi Rún 1244/99 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe

5 Rialachán 1085/2006 ón gComhairle an 17 Iúil 2006

inbhuanaithe a bhaint amach maidir le feabhas a chur ar ullmhacht na dtíortha sin le haghaidh a mballraíochta. Ní mór an ionstraim nua a fheidhmiú ar bhealach atá níos solúbtha agus tuilleadh cistí a ghiaráil ó dheontóirí eile nó ón earnáil phríobháideach trí bhíthin ionstraimí nuálacha maoinithe a úsáid, agus tabhairt ag an am céanna faoi shimpliú agus laghdú an ualaigh riaracháin atá bainteach le bainistiú an chúnaimh airgeadais.

*Comhleanúnachas le beartais eile*

Leathnaítear beartais inmheánacha an AE go dtí na tíortha tairbhíocha leis an bpróiseas um méadú. Rannchuidítear leis le leathnú an mhargaidh inmheánaigh, an Limistéir Eorpaigh Cheartais agus Saoirse, na líonraí tras-Eorpacha fuinnimh agus iompair, le feabhsú na ndeiseanna fostaíochta, na forbartha scileanna, an oideachais agus an chuimsithe shóisialta, le laghdú na bochtaineachta, le cosaint ar an gcomhshaol agus le laghdú an truaillithe trasteorann aeir agus uisce, le comhfhogasú leis an gComhbheartas Talmhaíochta agus leis an gComhbheartas Iascaigh, leis na hiarrachtaí ar fhoinsí fuinnimh a éagsúlú[6], le héifeachtúlacht acmhainní a bhaint amach, le hathléimneacht anachaine agus le cosaint agus bainistiú riosca a fheabhsú, agus le cur chuige a shaothrú atá níos comhtháite agus níos straitéisí maidir le beartais mhuirí, le feabhas eolaíoch agus leis an gclár oibre digiteach, i measc nithe eile. Ina theannta sin, le cóineasú le reachtaíocht agus beartas aeráide an AE soláthrófar sochair mhóra do na tíortha tairbhíocha trí bhíthin forbartha ísealcharbóin agus post níos glaise i réigiún atá fíorleochaileach do thionchar an athraithe aeráide.

Trí bhíthin a Chomhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais agus a chomhaontuithe eile le tíortha is iarrthóirí agus le hiarrthóirí ionchasacha, spreagann an AE tíortha an mhéadaithe go gníomhach córais iomaíochta a bhunú. Díreofar cúnamh réamhaontachais sa todhchaí freisin ar chumas taighde agus nuálaíochta agus ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFCanna) a neartú, rud lena n-éascófar réadú an Aontais Nuálaíochta ar a uain, lena dtabharfar buntaca do chuspóirí eile den Straitéis Eoraip 2020 agus lena dtacófar le comhlíonadh riachtanais agus chaighdeáin theicniúla an AE i mórán beartas eile (e.g. sláinte an phobail, sábháilteacht an tsoláthair bia, gníomhaíocht aeráide agus an comhshaol, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht agus éiceachórais).

Ceann de na haidhmeanna is mó ar chlár oibre an AE is ea áit níos sábháilte a dhéanamh den Eoraip, mar atá sainithe i gClár Stócólm. Cuideoidh treoshuíomh straitéiseach feabhsaithe an chúnaimh airgeadais i leith réamhaontachais le tacaíocht a thabhairt do thíortha an mhéadaithe chun dul i ngleic le coireacht eagraithe agus le héilliú agus iad a chosc, agus a gcumas a neartú maidir le forghníomhú an dlí, le bainistiú teorann agus le rialú imirce.

Tugann tionchar breise don AE leis an méadú agus neartaítear a thionchar i bhfóraim idirnáisiúnta. Le teacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, tá na hacmhainní ag an AE anois a chion féin a dhéanamh ar an ardán domhanda. Is sampla den chumas sin é ról an AE i Rún Chomhthionól Ginearálta an AE maidir leis an gCosaiv a ghlacadh. Leis an gcúigiú méadú tugadh spreagadh nua do chaidreamh an AE lena chomharsana san oirthear agus sa deisceart agus treoraíodh é chun dóigheanna a phlé maidir le tionscnaimh a fhorbairt sa réigiún Baltach agus i réigiún na Mara Duibhe. Le próiseas an aontachais le tíortha sna Balcáin Thiar agus leis an Tuirc tugtar leas agus tionchar níos mó fós don AE i réigiún na Meánmhara agus na Mara

---

[6] Maidir le slándáil soláthair fuinnimh agus comhar idirnáisiúnta - *The EU Energy Policy: Engaging with Partners beyond Our Borders* (Beartas Fuinnimh an AE: I mBun Oibre lenár gComhpháirtithe thar Ár dTeorainneacha). COIM(2011) 539 an 7.09.2011

Duibhe agus in imchuach na Danóibe. Ar an gcoinníoll go bhforbrófar ról na Tuirce ina réigiún féin mar chomhlánú ar a phróisis aontachais agus i gcomhordú leis an AE, féadfar cur le tionchar an dá pháirtí i ngnóthaí an domhain, go háirithe sa Mheánoirthear agus sa Chugas Theas. Ag gníomhú dóibh le chéile, féadfaidh an AE agus an Tuirc slándáil fuinnimh a neartú, dul i ngleic le coimhlintí réigiúnacha, agus forbairt deighiltí ar bhealaí eitneacha nó reiligiúnacha a chosc, agus comhar ar shaincheisteanna muirí a fheabhsú, go háirithe sa Mhuir Dhubh. Féadfaidh an Íoslainn agus an AE le chéile ról tábhachtach a imirt maidir le dul i ngleic le saincheisteanna fuinnimh, comhshaoil, athraithe aeráide, muirí agus slándála san Artach.

## 2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁN LE PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNUITHE TIONCHAIR

*Comhairliúchán leis na Páirtithe Leasmhara ar chúnamh réamhaontachais sa todhchaí*

Tá an togra le haghaidh na hIonstraime nua um Chúnamh Réamhaontachais bunaithe ar chomhairliúchán fairsing le páirtithe leasmhara ar cuireadh tús leis ag an gcomhdháil maidir le *IPA; sustainable results and impact* (Ionstraim um Réamhaontachais; torthaí inbhuanaithe agus tionchar, arna heagrú ag an gCoimisiún sa Bhruiséil an 6 agus an 7 Nollaig 2010. Reáchtáladh sraith comhairliúchán le páirtithe leasmhara tar éis sin sa chéad chuid den bhliain 2011, lenar cuireadh ionchur ar fáil do mheastóireacht *ex-ante* mar ullmhúchán i gcomhair ionstraime um chúnamh réamhaontachais sa todhchaí. Áiríodh leis na comhairliúcháin sin:

- **Suirbhé ar líne**, a fuarthas 338 freagra air uathu seo a leanas: ionadaithe na mBallstát; riaracháin phoiblí agus páirtithe leasmhara neamhphoiblí na dtíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha a bhaineann tairbhe as cúnamh na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais; baill foirne an Choimisiúin; deontóirí agus institiúidí maoinithe idirnáisiúnta; eagraíochtaí idirnáisiúnta eile, eagraíochtaí neamhrialtasacha, taighdeoirí, saineolaithe agus grúpaí sainleasa.

- Sraith **fócasghrúpaí**, agus go háirithe: grúpa oibre ard-leibhéil amháin, ceithre ghrúpa mheasctha a bhfuil oifigigh an Choimisiúin agus páirtithe leasmhara seachtracha iontu; trí fhócasghrúpa speisialta ar chúnamh na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais le haghaidh comhair trasteorann, forbartha réigiúnaí, forbartha acmhainní daonna agus forbartha tuaithe; dhá chruinniú le hionadaithe Ballstáit sa choiste teicniúil a chuidíonn leis an gCoimisiún i gcúnamh réamhaontachais a chur chun feidhme; agus cruinniú le húdaráis na mBalcán Thiar ina ndíríodh ar chomhar trasteorann ag teorainneacha laistigh de na Balcáin Thiar.

- **Comhairliúcháin** leo seo a leanas: oifigigh aonair an Choimisiúin sa cheanncheathrú agus toscaireachtaí an AE i dtíortha is tairbhithe; struchtúir lena soláthraítear cúnamh teicniúil nó tacaíocht beartais do na tíortha tairbhíocha; oifigí Chomhordaitheoirí Náisiúnta na dtíortha is tairbhithe den Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais; deontóirí iltaobhacha agus déthaobhacha; eagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha (gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe, an Chomhairle um Chomhar Réigiúnach, an Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip, etc); agus, Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (an Tionscnamh Eorpach um Chobhsaíocht, an Grúpa Éigeandála Idirnáisiúnta, Fondúireacht na Sochaí Oscailte, etc) ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

- **Cruinniú an leibhéil oibre** arna eagrú ag an gCoimisiún i gcomhar le hUachtaránacht na hUngáire ar an AE i Ságrab an 10-11 Bealtaine, inar tíolacadh réamhthorthaí an chomhairliúcháin agus inar pléadh iad le gach páirtí leasmhar de chuid na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais.

**Léiríodh in anailís a rinneadh ar na suíomhanna ó chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara go raibh tacaíocht ann do na nithe seo a leanas:**

– **Leanúint den ionstraim** le leibhéil chosúla acmhainní ina gcuimsítear forbairt institiúideach agus forbairt shocheacnamaíoch araon;

– **Cúnamh a oiriúnú** do riachtanais agus do shaintréithe gach tíre;

– **An cur chuige earnála a neartú**, le próiseas pleanála atá níos comhtháite agus níos fadtéarmaí a mbeidh ionstraim straitéiseach um chomhordú deontóirí agus um infheistíocht earnála príobháidí a stiúradh mar thoradh air;

– **Pleanáil ilbhliantúil a thabhairt isteach** chun fad tréimhse an chéad chreata airgeadais ilbhliantúil eile a chumhdach, le hathbhreithniú lár téarma, agus **clárú ilbhliantúil** breise a fhorbairt le haghaidh gníomhaíochtaí cúnaimh trasdula agus forbartha institiúidí freisin, maille le **rannpháirtíocht níos fearr tairbhithe i gclárú**, arna treorú ag údaráis náisiúnta níos láidre i gceannas chomhordú na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais;

– ***Luaíocht a thabhairt do dhea-fheidhmíocht, bunaithe ar ionsú agus ar spriocanna straitéiseacha a bhaint amach; lena mbaintear úsáid as coinníollachtaí ar bhealach níos déine agus níos córasaí ar leibhéal na tíre, na straitéise earnála agus an tionscadail;***

– Deireadh a chur le **rochtain ar chineálacha éagsúla cúnaimh** a bheith faoi réir stádais mar iarrthóir/iarrthóir ionchasach, ach an rochtain sin a bheith ag brath ar ullmhacht chun cur chun feidhme, maille le cur chuige céimnithe maidir le dílárú an bhainistithe cúnaimh;

– **An struchtúr comhpháirte reatha a athscrúdú**, lena n-áirítear comhordú níos fearr idir réimsí beartais;

– Comhar leantach le hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais agus cistí Institiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais agus deontóirí eile **a ghiaráil**;

– ***Cur chuige trí chiseal maidir le faireachán agus meastóireacht a glacadh, lena ndéantar measúnú ar dhul chun cinn i ndáil i) leis an mbealach i dtreo an aontachais; ii) le straitéisí náisiúnta agus iii) le torthaí a bhaint amach ar leibhéal na gclár, na n-earnálacha agus na mbeart.***

*Comhairliúchán Inmheánach ar chúnamh réamhaontachais sa todhchaí*

Laistigh den Choimisiún, ba é a bhí in ullmhúcháin don IPA nua tar éis 2013 díospóireachtaí fairsinge laistigh de na ceithre sheirbhís a bhfuil baint acu leis an gcúnamh a bhainistiú agus eatarthu, i.e. na hArd-Stiúrthóireachtaí a leanas: Méadú; Beartas Réigiúnach; Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú; agus Talmhaíocht agus Forbairt Tuaithe, agus le

Toscaireachtaí nó le hOifig Idirchaidrimh an AE san Íoslainn, sna Balcáin Thiar agus sa Tuirc freisin.

*Comhairliúchán Poiblí maidir leis na hionstraimí gníomhaíochta seachtraí uile*

Ba é todhchaí an chúnaimh réamhaontachais ábhar an chomhairliúcháin phoiblí ní ba leithne ar chistiú amach anseo do ghníomhaíocht sheachtrach an AE idir an 26 Samhain 2010 agus an 31 Eanáir 2011. Bhí an comhairliúchán bunaithe ar cheistiúchán ar líne ag gabháil le páipéar cúlra "*What funding for EU external action after 2013?*" (Cén cistiú le haghaidh ghníomhaíocht sheachtrach an AE tar éis 2013?’) arna ullmhú ag an gCoimisiún agus ag seirbhísí na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) lena mbaineann. Léirítear sna 220 rannchuidiú struchtúir leathana agus éagsúla agus thuairimí an phobail ghníomhaíochta seachtraí.

Ar na freagairtí a chumhdaigh cúnamh forbartha go sonrach, bhí na nithe seo a leanas ábhartha maidir le cúnamh réamhaontachais:

- Dhearbhaigh formhór na bhfreagróirí go soláthraíonn idirghabháil an AE **breisluach mór** sna príomhréimsí beartais arna dtacú trí bhíthin ionstraimí airgeadais i leith gníomhaíochta seachtraí[7]. Luaigh go leor freagróirí breisluach an AE mar an príomhspreagthóir don todhchaí: ba cheart don AE leas a bhaint as a bhuntáiste comparáideach atá bainteach lena láithreacht san ardán domhanda, lena shaineolas fadréimseach, lena nádúr ilnáisiúnta, lena ról mar éascaitheoir comhordaithe, agus le barainneachtaí scála.

- Thacaigh beagnach gach freagróir le **cur chuige níos difreálaithe**, arna oiriúnú do chás na dtíortha tairbhíocha, bunaithe ar chritéir fhónta agus ar bhailiú éifeachtúil sonraí, mar mhodh chun tionchar ionstraimí airgeadais an AE a mhéadú.

- Maidir le simpliú na n-ionstraimí, i ndáil leis an gcothromaíocht idir ionstraimí geografacha agus téamacha, bhí tuairimí éagsúla maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar chláir théamacha an AE agus le laghdú a d’fhéadfadh a bheith ann ar líon. Thacaigh formhór mór na bhfreagróirí le **solúbthacht gheografach ionstraimí an AE a mhéadú** mar mhodh chun freagairt do dhúshláin idir-réigiúnacha.

*Úsáid saineolais*

Choimisiúnaigh Ard-Stiúrthóireacht an Mhéadaithe dhá staidéar saineolaí ex ante chun measúnú a dhéanamh ar an loighic idirghabhála agus chun tarraingt ar cheachtanna ó chlár reatha na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais (meitimheastóireacht IPA), agus le hullmhú do mheastóireacht ex-ante ar chúnamh todhchaíoch réamhaontachais tar éis 2013 freisin. Tá an dá staidéar ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Mhéadaithe ag an seoladh seo a leanas: http://ec.europa.eu/enlargement/how-does-it-work/financial-assistance/phare/evaluation/interim_en.htm

---

[7] i.e. síocháin agus slándáil, laghdú na bochtaineachta, cabhair dhaonnúil, infheistiú i gcobhsaíocht agus i bhfás i dtíortha an mhéadaithe agus i dtíortha comharsanachta, dul i ngleic le dúshláin fhoriomlána, caighdeáin agus luachanna idirnáisiúnta agus an AE a chur chun cinn, agus tacú le fás agus le hiomaíochas thar lear

*Measúnú iarmharta*

Mar chuid d'ullmhúcháin an togra i ndáil leis an ionstraim nua um réamhaontachas, rinne an Coimisiún measúnú iarmharta, agus na roghanna seo a leanas á bplé:

**Rogha 1** - 'Gan athrú'.

**Rogha 2 - 'An Rialachán reatha a leasú'**, leis na roghanna seo a leanas:

– **Forogha 2.1 - 'An raon feidhme a laghdú agus na socruithe cur chun feidhme a choimeád'**, ag díriú ar na hathruithe dlí agus institiúideacha is gá le go gcomhlíonfar na critéir aontachais, gan aon chistí suntasacha a chur in áirithe do chómhaoiniú na hinfheistíochta poiblí ar mhaithe leis an bhforbairt shocheacnamaíoch.

– **Forogha 2.2 - 'Struchtúr na n-eilimintí a choimeád agus díriú a thuilleadh ar na hinfheistíochtaí'** d'fhonn cur leis an tionchar socheacnamaíoch sna tíortha tairbhíocha agus dlús a chur faoina n-ullmhúchán d'fhonn cistí struchtúracha, comhtháthaithe agus forbartha tuaithe a bhainistiú.

– **Forogha 2.3: 'An raon feidhme a choimeád agus na socruithe cur chun feidhme a oiriúnú'**, lena n-áirítear comhlíonadh na gcritéar aontachais agus an tacaíocht leis an bhforbairt shocheacnamaíoch. Ina theannta sin, gnéithe den leagan amach IPA agus de na módúlachtaí cur chun feidhme reatha a oiriúnú.

**Rogha 3: 'Ionstraim nua a dhearadh'**. Ní dhearnadh aon anailís mhionchruinn ar an rogha sin.

Rinneadh measúnú ar **iarmhairt eacnamaíoch** na roghanna éagsúla i dtéarmaí na dóchúlachta go mbeadh na torthaí a leanas orthu: i) moill a chur ar an méadú, nó dlús a chur leis agus dá bhrí sin iarmhairt dhearfach eacnamaíochta mhéadú an mhargaidh inmheánaigh; ii) costais an AE agus na mBallstát a choinneáil gan athrú nó a laghdú i dtéarmaí beart agus rioscaí slándála, rialaithe teorann agus imirce neamhrialta; iii) na féidearthachtaí a shrianadh nó a fheabhsú maidir le lánpháirtiú eacnamaíoch níos fearr a bhaint amach, e.g. trí bhíthin lánpháirtíochta feabhsaithe leis na Líonraí Tras-Eorpacha; iv) tionchar dearfach nó diúltach ar mhuinín na ndeontóirí agus na n-infheisteoirí as na tíortha tairbhíocha.

Rinneadh measúnú ar **iarmhairt shóisialta** na roghanna éagsúla i dtéarmaí na hiarmharta dóchúla ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh i dtíortha an mhéadaithe i gcomhthéacs na gluaiseachta i dtreo an aontachais agus i dtéarmaí na gcoinníollacha a chruthú lena gcuirfí feabhas ar an bhfeidhmíocht eacnamaíoch agus na mbeart polasaí lena bhféadfaí dul i ngleic leis na saincheisteanna sin. Cuireadh san áireamh freisin an baol go bhféadfaí na cearta i réimse an cheartais agus an smachta reachta a chur i mbaol sna tíortha tairbhíocha i ngeall ar aon mhoill ar an aontachas nó ar na rioscaí nach gcuirfí i gcrích é.

Rinneadh measúnú ar **iarmhairt chomhshaoil** na roghanna i dtéarmaí na dóchúlachta go méadófaí ar na costais chomhshaoil dá gcuirfí moill ar an méadú nó dá gcuirfí i gcontúirt é, i ngeall ar chaighdeáin chomhshaoil níos ísle á gcur i bhfeidhm d'fhonn buntáiste iomaíochta a ghnóthú sna tíortha tairbhíocha agus/nó i ngeall ar mhoill a chuirfí ar chur chun feidhme na n-ionstraimí daora a theastaíonn a chur ar chomhréim le *acquis* comhshaoil an AE.

Measúnaíodh **Rogha 2.1** agus ceapadh gur dócha go mbeadh **iarmhairtí diúltacha** ar gach gné mar thoradh air. Bhíothas ag súil le **hiarmhairtí dearfacha** ar **rogha 2.2 agus rogha 2.3** i

gcomparáid le rogha 1, le scóir dhifriúla ann maidir leis na gnéithe aonair. Rinneadh measúnú ar na módúlachtaí feabhsaithe maidir leis an gcúnamh a sholáthar de réir rogha **2.3**, trí bhíthin méadaithe ar a fhócas, ar a éifeachtúlacht, ar a éifeachtacht, ar a ghiaráil agus ar a iarmhairt - agus ceapadh gur dóchúil gur mó na hiarmhairtí dearfacha foriomlána a bheadh acu ná mar a bheadh ag na hinfheistíochtaí breise isteach san fhorbairt shocheacnamaíocht de réir rogha 2.2.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

Tá an beartas um méadú bunaithe ar Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ina bhforáiltear go mbeidh 'gníomhaíocht an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta bunaithe ar na prionsabail a spreag a chruthú, a fhorbairt agus an méadú a tháinig air, prionsabail a bhféachann sé lena gcur ar aghaidh sa domhan mór: an daonlathas, an smacht reachta, uilechoitinne agus dodhealaitheacht chearta an duine agus na mbunsaoirsí, an meas ar dhínit an duine, prionsabail an chomhionannais agus na dlúthpháirtíochta, agus an meas ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar phrionsabail an dlí idirnáisiúnta'.

Is é Airteagal 212(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús dlí an chúnaimh airgeadais le haghaidh réamhaontachais.

Tá an togra le haghaidh na hIonstraime nua um Chúnamh Réamhaontachais i gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta de réir Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

I dtéarmaí coimhdeachta, tugann gníomhaíocht ar leibhéal an AE breisluach ríthábhachtach, ceangailte le roinnt tosca:

– De réir a nádúir féin is **tasc i bpáirt** é méadú leantach an AE nach féidir a chur chun cinn ach ar leibhéal an AE. Is iad na Ballstáit amháin agus iad ag gníomhú le chéile ar féidir leo cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratais ar aontachas ó iarrthóirí nua. Is éard is aidhm don chúnamh réamhaontachais a chuirtear ar fáil trí bhuiséad an AE cabhrú le tíortha is iarrthóirí agus le hiarrthóirí ionchasacha iad féin a ullmhú le bheith ina mball amach anseo: tá an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais ceaptha le go bhfaighidh na tíortha seo "rith tástála" maidir le hoibleagáidí na ballraíochta roimh aontú dóibh (amhail institiúidí a bhunú le haghaidh cistí iar-aontachais an AE a bhainistiú, agus/nó an acquis agus caighdeáin an AE a ghlacadh). Níl aon ionstraim iltaobhach nó dhéthaobhach eile atá chomh hildánach céanna, agus, i gcás ar bith, is é an AE amháin atá i riocht na cineálacha cúnaimh a shainiú atá riachtanach le gur féidir leis na tíortha seo an *acquis* a ghlacadh chucu.

– Toisc go bhfuil 27 Ballstát ag gníomhú i gcomhréir le beartais agus le straitéisí i gcomhpháirt, is ag an AE amháin atá an chumhacht chriticiúil le gur féidir freagairt do dhúshláin dhomhanda. D'fhéadfadh go mbeadh gníomhartha na mBallstát aonair teoranta nó bloghta, agus na tionscadail róbheag go minic le haon difríocht inbhuanaithe a dhéanamh sa réimse atá i gceist. Is fearrde an comhordú agus is éifeachtaí obair an AE de bharr obair na mBallstát a chuíchóiriú agus a luathú tríd an AE.

– Le blianta beaga anuas tá Ballstáit an AE ag laghdú leibhéal a gcúnaimh dhéthaobhaigh leis na tíortha is iarrthóirí agus leis na hiarrthóirí ionchasacha, mar go

n-admhaíonn siad go bhfuil an ghníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an AE níos éifeachtaí. Tháinig timpeall ar leathchuid de chúnamh airgeadais iomlán an AE le tíortha an mhéadaithe in 2009 ó bhuiséad an AE. Tríd is tríd tá na heagraíochtaí deonta iltaobhacha tar éis deireadh a chur lena dtacaíocht agus iad siúd nach bhfuil tá siad tar éis a gcuid clár a chur ar chomhréim le tosaíochtaí an AE. Is saoire a dhéanfar an obair tríd an AE freisin. Is lú na costais riaracháin ná meánchostais riaracháin na bpríomhdheontóirí cúnaimh dhéthaobhaigh.

– Is infheistíocht i dtodhchaí an AE cúnamh réamhaontachais, lena dtacaítear le cobhsaíocht agus le rathúnas na dtíortha comharsanachta agus lena n-áirithítear acmhainn éifeachtach na dtíortha is iarrthóirí an acquis a chur chun feidhme ar aontachas, lena n-áirítear an acmhainn chun cistí agus beartais struchtúracha, comhtháthaithe, forbartha talmhaíochta agus tuaithe, muirí agus iascaigh an Aontais a bhainistiú. Cuirtear dlús leis an bpróiseas ullmhaithe le cúnamh teicniúil agus airgeadais agus cruthaítear dreasachtaí le haghaidh athrú riachtanach na sochaí, an chórais dlí agus an gheilleagair. Cuidítear leis an gcúnamh sin le cuspóirí bheartais inmheánacha an AE a chomhlíonadh, cruthaítear deiseanna do ghnóthais an AE agus soláthraítear toradh inláimhsithe ar infheistíocht. In éagmais na rannpháirtíochta déine agus na comhpháirtíochta dlúithe a chorpraítear i gcúnamh réamhaontachais, is cinnte go mbeadh ar an AE níos mó a chaitheamh ar imirce neamhdhlíthiúil a chomhrac, ar theorainneacha seachtracha an AE a dhaingniú, ar shlándáil an tsoláthair fuinnimh agus allmhairí bia atá sábháilte agus sláinteach a áirithiú dá shaoránaigh, agus ar athrú aeráide agus truailliú a chomhrac.

I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ní théann an Rialachán beartaithe thar a bhfuil riachtanach chun a chuspóirí a bhaint amach.

## 4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Ina Theachtaireacht i Meitheamh 2011 "*A Budget for Europe 2020*" (Buiséad don Eoraip 2020), bheartaigh an Coimisiún Eorpach suim EUR 14 110 100 000 (de réir praghsanna reatha) a leithdháileadh le haghaidh na hIonstraime nua um Chúnamh Réamhaontachais don tréimhse 2014-2020.

Tá tionchar measta mionsonraithe airgeadais an togra léirithe sa Ráiteas Airgeadais Reachtach atá iniata leis an togra seo. Tugtar na gealltanais bhuiséid bhliantúla tháscacha* sa tábla thíos.

| | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | **2014-2020** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais | 1898.0 | 1935.9 | 1974.6 | 2014.1 | 2054 4 | 2095.5 | 2137.4 | **14110.1** |

* Praghsanna reatha in EUR milliúin

D’fhonn a intuarthacht a áirithiú, soláthrófar cistiú i leith gníomhaíochtaí ardoideachais i dtríú tíortha i gcomhthéacs an chláir "*Erasmus for All*" (Erasmus do Chách), i gcomhréir le cuspóirí an AE i dtaobh gníomhaíochta seachtraí, trí bhíthin dhá leithdháileadh ilbhliantúla nach gcuimseoidh ach na chéad ceithre bliana agus na trí bliana ina dhiaidh sin faoi seach. Beidh an

cistiú sin léirithe i bpáipéir straitéise tháscacha ilbhliantúla an IPA, i gcomhréir leis na riachtanais agus na tosaíochtaí a aithníodh sna tíortha lena mbaineann. D'fhéadfaí na leithdháiltí a athbhreithniú i gcás mórchúinsí gan choinne nó athruithe tábhachtacha polaitiúla i gcomhréir le tosaíochtaí seachtracha an AE. Beidh feidhm ag forálacha Rialachán (AE) Uimh. [---] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear "Erasmus do Chách"[8] maidir le húsáid na gcistí sin.

Déanfar cúnamh airgeadais a sholáthar do phobal Turcach na Cipire go dtí go ndéanfar an coigeartú atá beartaithe sa dara mír d'Airteagal 11 den Rialachán ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020. Is iad forálacha Rialachán (CE) Uimh. 389/2006 an 27 Feabhra 2006 lena mbunaítear ionstraim tacaíochta airgeadais chun forbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh a rialóidh an cúnamh airgeadais sin. Cumhdófar na riachtanais airgeadais maidir le tacaíocht do phobal Turcach na Cipire ó chlúdach foriomlán a leithdháilfear ar an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais.

## 5. EILIMINTÍ ROGHNACHA

Simpliú

Tosaíocht don Choimisiún sa Rialachán nua seo, mar atá i gcláir eile faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (an CAI), is ea an timpeallacht rialála a shimpliú agus cúnamh an Aontais do thíortha tairbhíocha agus do réigiúin thairbhíocha, d’eagraíochtaí sochaí sibhialta, do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide, etc. a éascú.

Saothraítear an cuíchóiriú leis an togra seo go príomha tríd *an struchtúr comhpháirte i ndáil le príomhréimsí beartais a chuíchóiriú*. Tá cuíchóiriú an chreata reachtaigh mar thoradh air sin maidir leis an ionstraim agus maidir le rialacha cur chun feidhme sa todhchaí, le forálacha simplithe. Nasctha le cuíchóiriú an struchtúir chomhpháirteanna, ciallaíonn *rochtain neamhdhifreálaithe ar chúnamh* faoi gach réimse beartais nár ghá a thuilleadh tíortha tairbhíocha a shainaithint ar leithligh i mbunús dlí na hionstraime. Mar thoradh air seo, ní bheidh sé riachtanach a thuilleadh dul trí nós imeachta anásta chun athrú stádais an tairbhí a léiriú, agus laghdófar an bhearna idir na cinntí polaitiúla maidir le cúnamh airgeadais agus cur chun feidhme iarbhír. Mar an gcéanna, i gcás ina n-éireoidh tír nua ina hiarrthóir ionchasach le haghaidh aontachas an AE, shimpleofaí go mór na ceanglais nós imeachta maidir leis an tír sin a chur san áireamh i measc na dtairbhithe cúnaimh.

Beidh seirbhísí éagsúla an Choimisiúin freagrach go fóill as an gcúnamh a bhainistiú agus as a chur chun feidhme sna réimsí beartais éagsúla. Mar sin féin, cuirfear feabhas breise ar chomhordú, ar chumarsáid agus ar chur chun feidhme iarbhír trí roinnt gnéithe a shimpliú, lena n-áirítear *comhfhaireachán níos dlúithe* ar dhul chun cinn an chur chun feidhme sna tíortha tairbhíocha agus *níos lú próiseas maidir le creidiúnú* agus maidir le cumhachtaí bainistíochta a thabhairt. Ba cheart go laghdófaí go mór costas agus ualach an chomhordaithe arna dtabhú ag tíortha tairbhíocha le méadú ar chomhchuibheas na gníomhaíochta ag an gCoimisiún, i ngeall ar na bealaí éagsúla cumarsáide agus ar na nósanna imeachta éagsúla arna n-úsáid ag an gCoimisiún.

---

[8] IO L …

Beartaítear sa togra freisin go ndéanfar cinntí straitéiseacha ar an leithdháileadh cúnaimh trí bhíthin páipéir straitéise chuimsitheacha tíre agus iltíre trína gcumhdófar tréimhse iomlán an chreata airgeadais nua (2014-2020) agus a ndéanfar athbhreithniú orthu uair amháin ag lár téarma, córas a thiocfaidh isteach in ionad an chórais reatha um dhoiciméid phleanála tháscacha rollacha trí bliana a ndéantar athbhreithniú orthu gach bliain. Laghdóidh sé seo, i leith na bpáirtithe leasmhara go léir lena mbaineann, an t-ualach riaracháin a bhaineann leis an athbhreithniú bliantúil ar gach doiciméad agus le hathbhreithnithe a d'fhéadfadh leanúint as. Mar an gcéanna, leanfaidh níos lú riaracháin do chách agus soláthar níos tapa cúnaimh as clárú ilbhliantúil um thrasdul agus um chúnamh forbartha acmhainní a thabhairt isteach.

Ba cheart do shimpliú breise teacht as cur chuige earnáil-bhunaithe a thabhairt isteach, nuair is ann do na coinníollacha ábhartha, maidir le leithdháileadh cúnaimh le haghaidh na n-earnálacha sin. De bhreis ar éifeachtúlacht agus iarmhairt an chúnaimh a fheabhsú, d'fhéadfadh an cur chuige seo líon níos lú tionscadal/conarthaí a shaothrú, rud a laghdódh an t-ualach riaracháin a bhaineann le bainistiú tionscadail/conartha. Más féidir sna cúinsí, d'fhéadfadh go mbeadh i gceist sa chur chuige earnála úsáid na tacaíochta buiséadaí, rud a laghdódh an t-ualach riaracháin arís i gcomparáid le tacaíocht tionscadail.

Leagfar forálacha mionsonraithe maidir le comhfhaireachán agus leis na próisis chreidiúnaithe amach i rialacha ar leith um chur chun feidhme. Sna rialacha sin, saothrófar simpliú breise i gcomhar trasteorann idir tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha, trí bhíthin clárú agus cur chun feidhme a chur ar chomhréim tuilleadh le cur chuige na gCistí Struchtúracha.

Éascóidh simpliú agus nósanna imeachta solúbtha i gcur chun feidhme an Rialacháin nua glacadh níos tapa beartas cur chun feidhme agus soláthar chúnamh an AE. Ina theannta sin, trí athbhreithniú an Rialacháin Airgeadais, agus an fhoráil speisialta le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha go háirithe, cuideofar le rannpháirtíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus gnóthas beag i gcláir chistithe a éascú, mar shampla trí rialacha a shimpliú, trí chostais na rannpháirtíochta a laghdú agus trí nósanna imeachta deonaithe a luathú. Agus an Rialachán seo á chur chun feidhme ag an gCoimisiún, bainfidh sé úsáid as na nósanna imeachta simplithe dá bhforáiltear sa Rialachán Airgeadais nua.

<u>*Míniú mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra*</u>

Ar an iomlán, beartaítear sa togra reatha agus sna rialacha cur chun feidhme sa todhchaí na hathbhreithnithe seo a leanas maidir le dearadh na hionstraime agus lena módúlachtaí cur chun feidhme (i dteannta an tsimplithe atá luaite cheana thuas):

1. Déanfar an soláthar cúnaimh níos comhchuibhithe, níos straitéisí agus níos dírithe ar thorthaí trí bhíthin na nithe seo a leanas:

- Díriú ar **réimsí beartais** trí **páipéir straitéise chuimsitheacha ilbhliantúla tíre (agus iltairbhí)** lena léirítear tosaíochtaí polaitiúla na Straitéise um Méadú agus lena gcumhdaítear gach forbairt riachtanach institiúide, comhlíonadh *acquis* agus gníomhaíochtaí infheistíochta is gá maidir le gach réimse beartais. Beidh an raon feidhme bunaithe ar mheasúnú riachtanas agus beidh sé á oiriúnú do chomhthéacs na tíre.

- Cómhaoiniú nó **maoiniú na straitéisí earnála comhaontaithe** a threisiú a rannchuidíonn leis na cuspóirí beartais, in ionad tionscadal aonair, ag bogadh siar ó thionscadail atá deontas-mhaoinithe amháin agus ag méadú sciar an chúnaimh a chistítear trí thacaíocht ar leibhéal na hearnála (lena n-áirítear tacaíocht bhuiséadach earnála maidir le réimsí beartais roghnaithe bunaithe ar choinníollachtaí atá dírithe go héifeachtach). Dá ainneoin sin, leanfaidh tacaíocht do chomhlíonadh *acquis* de bheith ar fáil trí bhíthin tacaíochta tionscadail nó módúlachtaí eile cur chun feidhme amhail saoráidí tiomanta, i gcás nach bhfuil sí á clúdach ag straitéisí uileghabhálacha earnála.

- **Clárú ilbhliantúil** níos córasaí i ndáil le cuspóirí beartais freisin arna saothrú ag cúnamh trasdula agus forbartha institiúide (e.g. athchóiriú an riaracháin phoiblí, athchóiriú córas ceartais, etc.), lena dtacaítear le cur chun feidhme éifeachtach na straitéisí earnála ábhartha agus le baint amach na gcuspóirí ábhartha faoi dheoidh.

- Cúnamh airgeadais a chur **de choinníoll** níos dírí ar **rialachas feabhsaithe agus ar úinéireacht mhéadaitheach** na dtíortha tairbhíocha. Tabharfar gnéithe solúbthachta isteach chun freastal ar riachtanais éiritheacha agus chun dreasachtaí a thabhairt d'fhonn **feidhmíocht** a fheabhsú.

2. *Déanfar **an soláthar cúnaimh níos solúbtha agus oiriúnófar é chun tabhairt faoi riachtanais** trí bhíthin na nithe seo a leanas:*

- **Rochtain neamhdhifreálaithe ar chúnamh** a cheadú (gan spleáchas do stádas an iarrthóra nó an iarrthóra ionchasaigh), ach le raon feidhme nó déine atá difriúil, ar bhonn na riachtanas agus an chumais theicniúil agus riaracháin. Is iad riachtanais na dtíortha tairbhíocha a bheadh mar pointe tosaigh chun na hearnálacha/réimsí beartais a chinneadh le haghaidh cúnaimh.

- **Cur chuige céimnitheach agus níos forásaí maidir le bainistiú an chúnaimh airgeadais** a bheartú, trína ndéanfadh an Coimisiún nó an tír thairbhíoch bainistiú, le nó gan rialuithe *ex-ante* ag an gCoimisiún, ag brath ar stádas/pheirspictíocht aontachais, ar earnáil/réimse beartais cúnaimh, agus ar chumas riaracháin, teicniúil agus bainistíochta. Ba é ab aidhm d'earnálacha ábhartha agus ullmhú á dhéanamh maidir le haontachas struchtúr agus nósanna imeachta bainistíochta a chruthú atá ar aon dul leo siúd nach mór dóibh a bheith i bhfeidhm tar éis aontachais.

- **Dul chun cinn ar chéimeanna éagsúla bainistíochta a cheangal le tosaíochtaí polaitiúla**, mar atá léirithe i dtuarascálacha ar dhul chun cinn, i mbaint amach na dtagarmharcanna idirbheartaíochta nó sa chuntas teiste maidir leis na Comhaontuithe Comhlachais a chur chun feidhme.

- Solúbthacht a fheabhsú idir tosaíochtaí ar mhaithe le soláthar an chúnaimh atá níos dírithe ar thorthaí, lena gceadófar **aistriú leithdháiltí idir réimsí beartais**, agus lena bhféadfar **cistí a thabhairt ar aghaidh ó bhliain amháin go dtí an bhliain ina diaidh**, i gcás ina mbeidh sé sin ceadaithe ag an Rialachán Airgeadais nua.

3. Déanfar ***úsáid an chúnaimh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí*** trí bhíthin na nithe seo a leanas;

- Tuilleadh saothraithe a dhéanamh ar shainaithint agus úsáid na **n-ionstraimí airgeadais nuálacha** faoina bhféadfaí cistí príobháideacha breise a ghiaráil, agus an

fhéidearthacht a bhreathnú chun leas a bhaint as sineirgí le hionstraimí airgeadais nuálacha arna bhforbairt do bheartais inmheánacha, ar bhonn cur chuige chomhordaithe maidir le buiséad an AE a úsáid in ionstraimí den sórt sin, agus agus ar bhonn rialacha comhordaithe lena aghaidh sin.

- Mar chuid de bhaint amach na tacaíochta níos mó ar leibhéal na hearnála freisin, **comhar le deontóirí eile agus le hinstitiúidí Idirnáisiúnta airgeadais agus institiúidí eile airgeadais ar an leibhéal straitéiseach a mhéadú**, ag déanamh comhaontaithe ar thosaíochtaí beartais agus ar chomhroinnt níos soiléire saothair;

- Leanúint de **thacú le cláir/tionscadail réigiúnacha** trína soláthraítear breisluach trí chomhroinnt eolais agus taithí, comhchuibhiú beartas, comhaontú ar chomhthosaíochtaí agus forbairt muiníne frithpháirtí a spreagadh. **Tá an cumas ag cláir réigiúnacha éifeachtúlacht beartas a fheabhsú, e.g. maidir le hiompar, le fuinneamh, leis an gcomhshaol, leis an athrú aeráide, le staidreamh, leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe agus le saincheisteanna imirce.**

- **Na rialacha maidir le soláthar cúnaimh nasctha a chuíchóiriú** agus meicníochtaí a thabhairt isteach chun oiriúnacht na saineolaithe a earcaítear a áirithiú, agus féidearthacht á cur leo ionas go bhféadfar cistí a tharraingt ó shaoráid thiomanta d’fhonn freagairt do riachtanais mar a thagann siad chun cinn.

<u>Gníomhartha tarmligthe</u>

De bhrí gur cheart cinntí lánroghnacha beartais ar stádas na dtíortha is iarrthóirí a dhéanamh ar leibhéal eile, na leasuithe arna ndéanamh ar liosta na dtíortha tairbhíocha san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán beartaithe chun na cinntí sin a léiriú, tá sé beartaithe gur cheart iad a ghlacadh trí bhíthin gnímh tharmligthe i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ós rud é nach rachadh na leasuithe sin i bhfeidhm ar ghné bhunúsach de chuid an Rialacháin.

Tá sé beartaithe freisin gur cheart cumhachtaí tarmligthe a thabhairt don Choimisiún chun rialacha mionsonraithe a ghlacadh lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha d'fhonn an Rialachán atá beartaithe a chur chun feidhme, go háirithe i dtaca le struchtúir bhainistíochta agus le nósanna imeachta bainistíochta. Tá gá leis an rialacha sin mar chomhlánú ar na rialacha agus na nósanna imeachta coiteanna maidir le cur chun feidhme ionstraimí an Aontais a chur chun feidhme maidir le gníomhaíocht sheachtrach arna mbunú leis an Rialachán Coiteann Cur Chun Feidhme. Ba cheart do na rialacha sin aird a thabhairt ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó bhainistiú agus ó chur chun feidhme an chúnaimh réamhaontachais roimhe sin agus ba cheart iad a oiriúnú d’fhorás an cháis sna tíortha tairbhíocha.

2011/0404 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA II)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 212(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le *A Budget for Europe 2020* (Buiséad don Eoraip 2020)[3], leagann an Coimisiún síos an creat buiséadach maidir le hionstraimí gníomhaíochta seachtraí an Aontais, lena n-áirítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA).

(2) Ós rud é go rachaidh Rialachán (CE) Uimh. 1085/2006 ón gComhairle an 17 Iúil 2006 lena mbunaítear Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA)[4] in éag an 31 Nollaig 2013 agus d'fhonn gníomhaíocht sheachtrach an Aontais a dhéanamh níos éifeachtaí, ba cheart creat um pleanáil agus sholáthar cúnaimh sheachtraigh a chothabháil don tréimhse 2014-2020. Ba cheart leanúint den tacú le beartas um méadú an Aontais ag ionstraim airgeadais sonrach. Ba cheart an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) a athnuachan, dá bhrí sin.

(3) Déantar foráil in Airteagal 49 den Chonradh ar an Aontas Eorpach go bhféadfaidh aon Stát Eorpach a thacaíonn le luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar

---

1 IO C, , lch. .

2 IO C, , lch. .

3 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *Buiséad don Eoraip 2020* (Buiséad don Eoraip 2020), COIM(2011)500 críochnaitheach, 29.6.2011.

4 IO L 210, 31.7.2006, lch. 82.

an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine iarratas a dhéanamh ar bheith ina bhall den Aontas.

(4) Ní fhéadann Stát Eorpach a chuir iarratas isteach ar dhul isteach san Aontas a bheith ina bhall ach amháin nuair atá sé deimhnithe go gcomhlíonann sé na critéir bhallraíochta arna gcomhaontú sa Chomhairle Eorpach i gCóbanhávan i Meitheamh 1993 agus ar an gcoinníoll nach síneoidh aontachas barraíocht cumas an Aontais chun an ball nua a lánpháirtiú. Baineann na critéir seo le cobhsaíocht na n-institiúidí a ráthaíonn an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus meas ar na mionlaigh agus cosaint na mionlach, forbairt an gheilleagair ar gá dó a bheith imleor chun brú iomaíoch a sheasamh sa mhargadh intíre, agus an cumas chun na cearta chomh maith leis na hoibleagáidí faoi na Conarthaí a ghlacadh.

(5) Tá an t-aontachas bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus ar chur chun feidhme phrionsabal na córa comhionainne ó gach tír is iarrthóir. Braitheann an ghluaiseacht i dtreo an aontachais ar chumas na tíre is iarrthóir maidir leis na hathchóirithe riachtanacha a ghabháil ar láimh d’fhonn a córais pholaitiúla, institiúideacha, dlí, riaracháin agus eacnamaíocha a chur ar chomhréim le rialacha, caighdeáin, beartais agus cleachtais an Aontais.

(6) Dheonaigh an Chomhairle Eorpach an stádas mar thír is iarrthóir don Íoslainn, do Mhontainéagró, do Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine agus don Tuirc. Dhearbhaigh sí an pheirspictíocht Eorpach maidir leis an Albáin, leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, agus leis an tSeirbia chomh maith leis an gCosaiv[5], a mheastar a bheidh ina n-iarrthóirí ionchasacha.

(7) Ba cheart cúnamh airgeadais faoin Rialachán seo a dheonú do thíortha is iarrthóirí agus d’iarrthóirí ionchasacha (‘na tíortha tairbhíocha’) araon atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, gan spleáchas dá stádas.

(8) Ba cheart cúnamh faoin Rialachán seo a sholáthar i gcomhréir leis an gcreat beartais um méadú arna shainiú ag an Aontas maidir le gach tír thairbhíoch arna léiriú i bpacáiste bliantúil an Choimisiúin um méadú, ina bhfolaítear na Tuarascálacha ar Dhul Chun Cinn agus an Straitéis um Méadú, sna comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais agus sna Comhpháirtíochtaí Eorpacha nó Aontachais. Ba cheart don chúnamh a bheith dírithe go príomha ar líon teoranta réimsí beartais a chuideoidh le tíortha tairbhíocha institiúidí daonlathacha agus an smacht reachta a neartú, an bhreithiúnacht agus an riarachán poiblí a athchóiriú, meas a bheith acu ar chearta bunúsacha agus comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn. Ba cheart dó freisin a bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta a fheabhsú, rud a thabharfaidh buntaca do chlár oibre maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach i gcomhréir leis an straitéis Eoraip 2020 agus chun cur ar chomhréim go forásach le critéir Chóbanhávan. Ba cheart an comhchuibheas idir an cúnamh airgeadais agus an dul chun cinn foriomlán arna dhéanamh maidir le cur chun feidhme na straitéise réamhaontachais a neartú.

(9) Ní mór do thíortha is iarrthóirí agus d’iarrthóirí ionchasacha a bheith ullmhaithe níos fearr chun dúshláin dhomhanda a sheasamh, amhail forbairt inbhuanaithe agus an

[5] Faoi Rún Uimh. 1244/1999 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe

t-athrú aeráide, agus chun cur ar chomhréim le hiarrachtaí an AE le tabhairt faoi na saincheisteanna seo. Ba cheart do chúnamh an Aontais faoin Rialachán seo rannchuidiú leis an sprioc chun céatadán bhuiséad an Aontais a bhaineann le haeráid a ardú go 20% ar a laghad.

(10) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit comhlíonadh, comhchuibheas, agus comhlántacht a gcúnaimh a áirithiú, go háirithe trí chomhairliúcháin rialta agus trí mhalartuithe minice faisnéise le linn chéimeanna éagsúla an timthrialla cúnaimh.

(11) D'fhonn comhchuibheas a áirithiú idir an próiseas aontachais agus an cúnamh airgeadais agus teicniúil a sholáthraítear faoin Rialachán seo agus cuspóirí an chláir oibre aontachais a bhaint amach, ba cheart don Choimisiún comhchreat straitéiseach a bhunú maidir leis an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais a úsáid. Ba cheart don chreat seo, *inter alia*, an liosta gníomhartha tábhachtacha a shainiú a bhféadfar tacú leo faoin Rialachán seo agus na critéir maidir leis an leithdháileadh cistí. Ba cheart don chreat tagartha maidir le páipéir straitéise tíre agus iltíre a bheith sa chomhchreat straitéiseach.

(12) Ba cheart cuspóirí an chúnaimh a shainiú i bpáipéir straitéise tháscacha tíre agus iltíre arna mbunú ag an gCoimisiún do ré Chreat Airgeadais Ilbhliantúil an Aontais i gcomhar leis na tíortha tairbhíocha, bunaithe ar a riachtanais shonracha agus ar a gclár oibre um méadú. Ba cheart do na páipéir straitéise na réimsí beartais le haghaidh cúnaimh a shainaithint agus, gan dochar do shainchumais an údaráis bhuiséadaigh, na leithdháiltí táscacha cistí in aghaidh réimse beartais a leagan síos, arna miondealú in aghaidh na bliana, lena n-áirítear meastachán ar chaiteachas a bhaineann le haeráid. Ba cheart solúbthacht leordhóthanach a chur san áireamh iontu chun freastal ar riachtanais éiritheacha agus chun dreasachtaí a thabhairt d'fhonn feidhmíocht a fheabhsú. Ba cheart do na páipéir straitéise comhchuibheas agus comhsheasmhacht le hiarrachtaí na dtíortha tairbhíocha a áirithiú mar a léirítear iad ina mbuiséid náisiúnta, agus ba cheart dóibh aird a thabhairt ar an tacaíocht arna cur ar fáil ag deontóirí eile. D'fhonn aird a thabhairt ar fhorbairtí inmheánacha agus seachtracha, ba cheart na páipéir straitéise tháscacha ilbhliantúla a athbhreithniú de réir mar is cuí.

(13) Is é leas an Aontais é cuidiú le tíortha tairbhíocha ina n-iarrachtaí maidir lena gcórais a athchóiriú d'fhonn iad a chur ar chomhréim le córais an Aontais. Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr a fhéadfar é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. De réir phrionsabal na comhréireachta, mar atá sé leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir seo a bhaint amach.

(14) D'fhonn a bheith ábalta, leis an Rialachán seo, seasamh go tapa do thorthaí na gcinntí polaitiúla arna ndéanamh ag an gComhairle, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun liosta na dtíortha tairbhíocha a thabhairt chun dáta san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(15) Cé go mbunaítear i Rialachán (AE) Uimh. .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] ("an Rialachán Coiteann Cur Chun Feidhme" anseo feasta) rialacha agus nósanna imeachta coiteanna le haghaidh chur chun feidhme ionstraimí an Aontais i leith gníomhaíochta seachtraí, ba cheart cumhachtaí tarmligthe a thabhairt don Choimisiún freisin chun rialacha níos mionsonraithe a ghlacadh lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha don Rialachán seo a chur chun feidhme, go háirithe i dtaca le struchtúir bhainistíochta agus le nósanna imeachta bainistíochta. Ba cheart do na rialacha sin aird a thabhairt ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó bhainistiú agus ó chur chun feidhme an chúnaimh réamhaontachais roimhe sin agus ba cheart iad a oiriúnú d'fhorás an cháis sna tíortha tairbhíocha.

(16) I dtaca leis na gníomhartha tarmligthe seo, tá sé tábhachtach go háirithe go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí mar chuid dá obair ullmhúcháin, lena n-áirítear comhairliúcháin ar leibhéal na saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú freisin, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur go comhuaineach, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

(17) Ba cheart don chúnamh feidhm a bhaint as na struchtúir agus as na hionstraimí a chruthaigh go raibh siad fiúntach sa phróiseas réamhaontachais. Ba cheart don trasdul ó bhainistiú díreach na gcistí réamhaontachais ag an gCoimisiún go bainistiú díláraithe arna dtarmligean chuig na tíortha tairbhíocha a bheith forásach agus i gcomhréir le cumas gach tíre tairbhíche.

(18) Ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme a bhaineann le comhchreat straitéiseach na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais agus leis na páipéir straitéise a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiúin[7]. Agus aird á tabhairt ar chineál na ngníomhartha cur chun feidhme sin, go háirithe an treo a bhfuil a mbeartas ag dul nó a n-impleachtaí airgeadais, ba cheart, go ginearálta, an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid le haghaidh a nglactha, ach amháin le haghaidh beart teicniúil cur chun feidhme ar mhionscála airgeadais.

(19) Ba cheart do na coistí arna mbunú faoin Rialachán seo a bheith inniúil i leith gníomhartha a bhaineann le cur chun feidhme na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais roimhe sin, agus le cur chun feidhme an chúnaimh airgeadais do phobal Turcach na Cipire.

(20) I gcás ina sáraíonn tír thairbhíoch na prionsabail ar a bhfuil an tAontas bunaithe, nó ina mainníonn sí meas a bheith aici ar na gealltanais atá sna comhaontuithe ábhartha a tugadh i gcrích leis an Aontas, nó ina ndéanann sí dul chun cinn neamhleor i ndáil leis na critéir aontachais, ba cheart don Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, a bheith ábalta na bearta iomchuí a dhéanamh chun an cor a cheartú.

[6] IO L .....
[7] IO L 55, 28.2.2011, lch 13.

(21) Mar gheall ar chuspóirí agus raon feidhme an chúnaimh a sholáthraítear faoin Rialachán seo, ba cheart dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún sula nglacfaí é,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

## TEIDEAL I

## FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*

***Cuspóir ginearálta***

Is é is aidhm don Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (‘IPA’) tacú le tíortha is iarrthóirí agus le hiarrthóirí ionchasacha (‘tíortha tairbhíocha’) atá liostáilte san Iarscríbhinn i gcur chun feidhme na n-athchóirithe polaitiúla, institiúideacha, dlí, riaracháin, sóisialta agus eacnamaíocha a theastaíonn chun na tíortha a thabhairt níos gaire do luachanna an Aontais agus chun cur ar chomhréim go forásach le rialacha, caighdeáin, beartais agus cleachtais an Aontais d’fhonn ballraíocht a ghlacadh san Aontas.

*Airteagal 2*

***Cuspóirí sonracha***

1. Déanfaidh cúnamh faoin Rialachán seo na cuspóirí sonracha seo a leanas a shaothrú, de réir riachtanais gach tíre tairbhíche agus de réir a gclár oibre ar leith um méadú:

(a) Tacaíocht i gcomhair athchóirithe polaitiúla, *inter alia*:

(i). institiúidí daonlathacha agus an smacht reachta, lena n-áirítear a chur chun feidhme, a neartú;

(ii). cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint, urraim fheabhsaithe ar chearta na mionlach, comhionannas inscne a chur chun cinn, neamh-idirdhealú agus saoirse an phreasa, agus caidreamh maith idir comharsana a chur chun cinn;

(iii). an comhrac in aghaidh an éillithe agus na coireachta eagraithe;

(iv). riarachán poiblí a athchóiriú agus an dea-rialachas;

(v). sochaí shibhialta agus comhphlé sóisialta a fhorbairt;

(vi). athmhuintearas, bearta chun síocháin agus muinín a chothú.

(b) Tacaíocht d'fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chríochach, d'fhonn go mbeidh fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach ann, *inter alia*, trí na nithe seo a leanas:

(i). caighdeáin an Aontais a bhaint amach sa gheilleagar agus sa rialachas eacnamaíoch;

(ii) athchóirithe eacnamaíocha is gá chun déileáil le brú iomaíochta agus le fórsaí margaidh laistigh den Aontas, agus spriocanna eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil á saothrú ag an am céanna;

(iii). fostaíocht a chothú agus caipiteal daonna a fhorbairt;

(iv). cuimsiú sóisialta agus eacnamaíoch, go háirithe cuimsiú sóisialta agus eacnamaíoch na mionlach agus na ngrúpaí leochaileacha;

(v). caipiteal fisiciúil a fhorbairt, feabhas a chur ar na naisc le líonraí an Aontais agus le gréasáin réigiúnacha.

(c) Neartú a dhéanamh ar chumas na dtíortha tairbhíocha maidir leis na hoibleagáidí a eascraíonn ó bhallraíocht a chomhlíonadh trí thacaíocht a thabhairt d'ailíniú forásach leis an *acquis communautaire* agus le cistí agus beartais struchtúracha, lánpháirtíochta, talmhaíochta agus forbartha tuaithe de chuid an Aontais, agus dá nglacadh, dá gcur chun feidhme agus dá bhforfheidhmiú.

(d) Lánpháirtíocht réigiúnach agus comhar críche a bhaineann le tíortha tairbhíocha, le Ballstáit agus, nuair is cuí, le tríú tíortha faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. [...] lena mbunaítear Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht[8].

2. Déanfar dul chun cinn i dtreo bhaint amach na gcuspóirí sonracha atá leagtha amach i mír 1 a mheas trí tháscairí lena gclúdaítear, inter alia, an méid seo a leanas:

– Dul chun cinn maidir le réimsí an daonlathas, an smachta reachta, urramú chearta an duine agus saoirsí bunúsacha, an chórais cheartais agus leibhéal na n-acmhainní riaracháin;

– Dul chun cinn maidir le hathchóirithe eacnamaíocha; fóntacht agus éifeachtacht na straitéisí forbartha sóisialta agus eacnamaíche, dul chun cinn i dtreo fáis chliste, inbhuanaithe agus uilechuimsithigh, lena n-áirítear trí infheistíochtaí poiblí arna dtacú ag IPA;

– An corpas reachtaíochta atá ailínithe leis an *acquis*; dul chun cinn maidir le hathchóiriú institiúideach a bhaineann leis an Aontas, lena n-áirítear an cúnamh dá bhforáiltear faoin Rialachán seo a aistriú chuig bainistíocht dhíláraithe;

– Ábharthacht na dtionscnamh um chomhar réigiúnach agus críche agus forás na sreabh trádála.

Úsáidfear na táscairí le haghaidh faireachán, meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht, de réir mar is cuí.

---

[8] IO L …

*Airteagal 3*

***Réimsí beartais***

1. Tabharfaidh cúnamh faoin Rialachán seo aghaidh ar na réimsí beartais seo a leanas go háirithe:

   (a) an próiseas trasdula i dtreo ballraíochta san Aontas agus forbartha acmhainní;

   (b) forbairt réigiúnach;

   (c) fostaíocht, beartais shóisialta agus forbairt acmhainní daonna;

   (d) talmhaíocht agus forbairt tuaithe;

   (e) comhar réigiúnach agus críche.

2. Leis an gcúnamh faoi na réimsí beartais dá dtagraítear i mír 1, tabharfar tacaíocht do na tíortha tairbhíocha maidir leis na cuspóirí ginearálta agus sonracha atá leagtha amach in Airteagal 1 agus in Airteagal 2 a bhaint amach.

3. D'fhéadfaí go n-áireofaí leis an gcúnamh faoi na réimsí beartais dá dtagraítear i bpointe (b) go pointe (d) de mhír 1*inter alia* maoiniú ar an gcineál oibríochtaí dá bhforáiltear faoi Rialachán (AE) XXXX/201X ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an LL/MM/BBBB maidir le forálacha sonracha maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post[9], Rialachán (AE) XXXX/201X ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an LL/MM/BBBB maidir leis an gCiste Comhtháthaithe[10], Rialachán (AE) XXXX/201X ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an LL/MM/BBBB maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa[11], Rialachán (AE) XXXX/201X ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an LL/MM/BBBB maidir le forálacha sonracha i dtaca le tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa do sprioc an chomhair chríche Eorpaigh[12] agus Rialachán (AE) XXXX/201X ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an LL/MM/BBBB maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)[13].

4. Féadfaidh cúnamh faoin réimse beartais dá dtagraítear i bpointe (e) de mhír 1 maoiniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iltíre nó cothrománacha go háirithe, chomh maith le gníomhaíochtaí comhair thrasteorann, thrasnáisiúnta agus idir-réigiúnacha.

---

9 IO L …
10 IO L …
11 IO L …
12 IO L …
13 IO L …

*Airteagal 4*

***Comhlíonadh, comhchuibheas agus comhlántacht***

1. Beidh cúnamh airgeadais faoin Rialachán seo comhsheasmhach le beartais an Aontais. Comhlíonfaidh sé comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas leis na tíortha tairbhíocha agus tabharfaidh sé urraim do cheangaltais faoi chomhaontuithe iltaobhacha a bhfuil an tAontas ina pháirtí iontu.

2. Áiritheoidh an Coimisiún, na Ballstáit agus an Banc Eorpach Infheistíochta comhchuibheas idir cúnamh arna chur ar fáil faoin Rialachán seo agus cúnamh eile arna chur ar fáil ag an Aontas, ag na Ballstáit agus ag an mBanc Eorpach Infheistíochta.

3. Áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit comhordú ar a gcláir chúnaimh faoi seach chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht a mhéadú maidir le seachadadh an chúnaimh agus chun cistiú dúbailte a chosc i gcomhréir leis na prionsabail sheanbhunaithe maidir le comhordú oibríochtúil a neartú i réimse an chúnaimh sheachtraigh, agus maidir le beartais agus nósanna imeachta a chomhchuibhiú. Is éard a bheidh i gceist le comhordú comhairliúcháin rialta agus malartuithe minice faisnéise le linn na gcéimeanna éagsúla de thimthriall an chúnaimh, go háirithe ar an mbunleibhéal agus beidh na comhairliúcháin sin ina gcéim thábhachtach maidir leis na próisis chlárúcháin de chuid na mBallstát agus an Aontais.

4. D'fhonn éifeachtacht agus éifeachtúlacht a mhéadú maidir le seachadadh an chúnaimh agus d'fhonn cistiú dúbailte a chosc, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, na bearta is gá chun comhordú agus comhlántacht níos fearr a áirithiú le heagraíochtaí agus aonáin iltaobhacha agus réigiúnacha, amhail institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe, cistí agus cláir, agus deontóirí neamh-Aontais.

5. Agus cúnamh faoin Rialachán seo á ullmhú, á chur chun feidhme agus á fhaireachán aige, gníomhóidh an Coimisiún i bprionsabal i gcomhpháirtíocht leis na tíortha tairbhíocha. Beidh baint, de réir mar is iomchuí, ag údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, ag comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta agus ag gníomhaithe neamhstáit leis an gcomhpháirtíocht.

## TEIDEAL II

## PLEANÁIL STRAITÉISEACH

*Airteagal 5*

***Comhchreat Straitéiseach IPA***

1. Bunóidh an Coimisiún Comhchreat Straitéiseach don Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais. Déanfaidh Comhchreat Straitéiseach IPA príomhghníomhaíochtaí a fhéadann cúnamh a fháil faoin Rialachán seo de thosaíochtaí polaitiúla an bheartais um méadú.

2. Áireofar le Comhchreat Straitéiseach IPA na nithe seo a leanas, *inter alia*:

(a) na critéir a bheidh le húsáid maidir le cistí a leithdháileadh ar thíortha tairbhíocha agus ar ghníomhaíochtaí comhair iltíre agus chríche;

(b) na cineálacha gníomhaíochtaí is féidir leis an IPA a mhaoiniú;

(c) na treoirlínte coiteanna um bainistíocht agus cur chun feidhme an IPA.

3. Formheasfaidh an Coimisiún Comhchreat Straitéiseach an IPA agus aon leasú air i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(3) den Rialachán Coiteann Cur Chun Feidhme.

*Airteagal 6*

***Páipéir Straitéise***

1. Cuirfidh an Coimisiún cúnamh faoin Rialachán seo ar fáil, i gcomhpháirtíocht leis an tír thairbhíoch nó leis na tíortha tairbhíocha lena mbaineann, ar bhonn páipéar straitéise táscach tíre nó iltíre ("páipéir straitéise" anseo feasta), bunaithe ar feadh ré Chreat Airgeadais Ilbhliantúil an Aontais.

2. Sonrófar sna páipeir straitéise an meascán cuí de réimsí beartais dá dtagraítear in Airteagal 3 a gheobhaidh cúnamh airgeadais faoin Rialachán seo chun riachtanais agus tosaíochtaí a léiriú i gcomhréir leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 2, le Comhchreat Straitéiseach an IPA dá dtagraítear in Airteagal 5, agus leis na straitéisí náisiúnta, de réir mar is cuí.

3. Áireofar leis na páipéir straitéise leithdháileadh táscach chistí an Aontais de réir réimse beartais, mar is infheidhme, agus iad miondealaithe de réir bliana, i gcomhréir leis na critéir atá leagtha síos i gComhchreat Straitéiseach an IPA dá dtagraítear in Airteagal 5. Cuirfear san áireamh go cuí i leithdháileadh táscach na gcistí riachtanais, acmhainn ionsúcháin agus acmhainn riaracháin na dtíortha tairbhíocha. A bhuí leis sin, beifear in ann aghaidh a thabhairt ar riachtanais atá ag teacht chun cinn agus áireofar leis dreasachtaí chun feabhas a chur le feidhmíocht na dtíortha tairbhíocha maidir leis na cuspóirí atá leagtha síos sna straitéisí ilbhliantúla táscacha.

4. Déanfar athbhreithniú ar na páipéir straitéise ag an meántéarma agus déanfar iad a leasú mar is cuí. Féadfar iad a leasú tráth ar bith ar thionscnamh ón gCoimisiún.

5. Glacfaidh an Coimisiún na páipéir straitéise agus aon leasú orthu i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(3) den Rialachán Coiteann Cur Chun Feidhme.

## TEIDEAL III

## CUR CHUN FEIDHME

*Airteagal 7*

***An Réim Ghinearálta***

Déanfar cúnamh an Aontais faoin Rialachán seo a chur chun feidhme trí chláir agus trí bhearta mar a dtagraítear dóibh in Airteagal 2 agus in Airteagal 3 den Rialachán Coiteann Cur Chun Feidhme agus i gcomhréir le rialacha sonracha lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, go háirithe maidir le struchtúir bhainistíochta agus nósanna imeachta bainistíochta, a ghlacfaidh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 10 agus le hAirteagal 11 den Rialachán seo. Déanfar cur chun feidhme, de ghnáth, i bhfoirm clár bliantúil nó clár ilbhliantúil, ar cláir shaintíre nó clár iltíre iad, arna mbunú i gcomhréir leis na páipéir straitéise dá dtagraítear in Airteagal 6 agus arna ndréachtú ag na tíortha tairbhíocha nó ag an gCoimisiún, de réir mar is cuí.

*Airteagal 8*

***Comhaontuithe réime agus fo-chomhaontuithe***

1. Déanfaidh an Coimisiún agus na tíortha tairbhíocha comhaontuithe réime maidir le cur chun feidhme an chúnaimh a thabhairt i gcrích.

2. Féadfar fo-chomhaontuithe a bhaineann le cur chun feidhme an chúnaimh a thabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus an tír thairbhíoch nó a údaráis chur chun feidhme, mar is gá.

*Airteagal 9*

***Forálacha trasionstraime***

1. I gcúinsí ina bhfuil údar cuí leis agus d'fhonn comhchuibheas agus éifeachtacht mhaoiniú an Aontais a áirithiú nó comhar réigiúnach a chothú, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh ar incháilitheacht na gclár agus na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 7 a leathnú chuig tíortha, críocha agus réigiúin nach mbeadh incháilithe do mhaoiniú ar shlí eile de bhun Airteagal 1, sa chás ina bhfuil an clár nó an beart a bheidh le cur chun feidhme de chineál domhanda, réigiúnach nó trasteorann.

2. Rannchuideoidh Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa le cláir nó le bearta arna mbunú faoin rialachán seo le haghaidh comhair thrasteorann idir tíortha tairbhíocha agus na Ballstáit. Cinnfear méid na ranníocaíochta ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa de bhun Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. ... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le forálacha sonracha i dtaca le tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa do sprioc an chomhair chríche Eorpaigh. Beidh feidhm ag forálacha an Rialacháin seo maidir le húsáid na ranníocaíochta sin.

3. Nuair is iomchuí, féadfaidh an IPA rannchuidiú le cláir chomhair thrasnáisiúnta nó le bearta comhair idir-réigiúnacha arna mbunú agus arna gcur chun feidhme faoi fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. ... [*maidir le forálacha sonracha i dtaca le tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa do sprioc an chomhair chríche Eorpaigh*] agus ina nglacann tíortha tairbhíocha an IPA páirt.

4. Nuair is iomchuí, féadfaidh an IPA rannchuidiú le cláir chomhair thrasteorann nó le bearta comhair thrasteorann arna mbunú agus arna gcur chun feidhme faoin Rialachán lena mbunaítear Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht agus ina nglacann tíortha tairbhíocha IPA páirt.

## TEIDEAL IV

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 10*

***Cumhachtaí a tharmligean chuig an gCoimisiún***

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11 chun an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú agus an Rialachán Coiteann Cur Chun Feidhme a chomhlánú le rialacha sonracha lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme.

*Airteagal 11*

***Feidhmiú na gcumhachtaí arna dtarmligean chuig an gCoimisiún***

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

2. Déanfar tarmligean na gcumhachtaí a thabhairt don Choimisiún ar feadh thréimhse bhailíochta an Rialacháin seo.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta a chúlghairm tráth ar bith. Leis an gcinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis lá foilsithe an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta ina dhiaidh sin a shonrófar sa chinneadh sin. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

5. Ní thiocfaidh na gníomhartha tarmligthe i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a bheith tugtha do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, sula rachaidh an tréimhse sin in éag, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún

nach ndéanfaidh siad aon agóid. Ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle, cuirfear 2 mhí leis an tréimhse sin.

*Airteagal 12*

***Coiste***

1. Tabharfaidh Coiste an IPA cúnamh don Choimisiún. Is é a bheidh sa choiste sin coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás clár lena dtugtar aghaidh ar na réimsí beartais dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (c) d'Airteagal 3 agus arna gcur chun feidhme go hindíreach ag na tíortha tairbhíocha, gheobhaidh an Coimisiún cúnamh ó Choiste Comhordaithe na gCistí dá dtagraítear in Airteagal 143 de Rialachán (AE) Uimh. [....] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa, maidir leis an gCiste Comhtháthaithe, maidir leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh atá cumhdaithe faoin gComhchreat Straitéiseach agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006[14]. I gcás clár lena dtugtar aghaidh ar an réimse beartais dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 3 agus arna gcur chun feidhme go hindíreach ag na tíortha tairbhíocha, gheobhaidh an Coimisiún cúnamh ón gCoiste Forbartha Tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 91 de Rialachán (AE) Uimh. [....] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)[15]. I gcásanna den sórt sin, cuirfear coiste IPA ar an eolas gan mhoill faoin tuairim a thug an coiste nó na coistí eile.

3. Beidh na coistí dá dtagraítear faoi mhír 1 agus faoi mhír 2 inniúil i leith gníomhartha dlíthiúla agus ceangaltas dlíthiúil faoi Rialachán (CE) Uimh. 1085/2006 an 17 Iúil 2006 lena mbunaítear Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais[16]. Ina theannta sin, beidh coiste an IPA inniúil freisin i leith chur chun feidhme Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 389/2006 an 27 Feabhra 2006 lena mbunaítear ionstraim tacaíochta airgeadais chun forbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2667/2000 ón gComhairle maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Athfhoirgníocht[17].

---

[14] IO L …
[15] IO L …
[16] IO L 210, 31.7.2006, lch. 82-93
[17] IO L 65, 7.3.2006, lch. 5

*Airteagal 13*

***Tacaíocht an Aontais a chur ar fionraí***

Gan dochar do na forálacha maidir le cúnamh a chur ar fionraí i gcomhaontuithe comhpháirtíochta agus comhair le tíortha comhpháirtíochta agus le réigiúin chomhpháirtíochta, i gcás ina mainníonn tír thairbhíoch urraim a thabhairt do phrionsabail an daonlathais, an smacht reachta, cearta an duine, cearta na mionlach agus do na saoirsí bunúsacha, nó do na ceangaltais atá sna comhaontuithe ábhartha arna dtabhairt i gcrích leis an Aontas, nó i gcás nach leor an dul chun cinn i dtreo chomhlíonadh na gcritéar um aontachas ann, tabharfaidh an tAontas cuireadh don tír thairbhíoch comhairliúcháin a thionól d'fhonn teacht ar réiteach is inghlactha ag an dá pháirtí, ach amháin i gcásanna práinne speisialta. I gcás nach ann do réiteach is inghlactha ag an dá pháirtí mar thoradh ar chomhairliúcháin leis an tír thairbhíoch, nó más rud é go ndiúltaítear comhairliúcháin nó i gcásanna práinne speisialta, féadfaidh an Chomhairle bearta iomchuí a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 215(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, bearta a d'fhéadfadh fionraí iomlán nó páirteach chúnamh an Aontais a bheith i gceist leo. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas go hiomlán agus go láithreach faoi aon chinntí a rinneadh maidir leis sin.

*Airteagal 14*

***Méid tagartha airgeadais***

1. Is EUR 14 110 100 000 (praghsanna reatha) a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun an Rialachán seo a chur chun feidhme don tréimhse ó 2014 go 2020. Leithdháilfear suas le 3% den mhéid tagartha airgeadais ar chláir chomhair thrasteorann idir tíortha tairbhíocha agus Ballstáit an AE.

2. Údaróidh an t-údarás buiséadach na leithreasaí bliantúla faoi chuimsiú theorainneacha Chreat Ilbhliantúil Airgeadais an Aontais.

3. Mar a thagraítear dó i mír 2 d'Airteagal 13 den Rialachán "Erasmus do Chách", d'fhonn gné idirnáisiúnta an ardoideachais a chur chun cinn, déanfar méid táscach EUR 1 812 100 000 ó na hionstraimí seachtracha éagsúla (an Ionstraim do Chomhar um Fhorbairt, an Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht, an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais, an Ionstraim um Chomhpháirtíocht agus an Ciste Eorpach Forbraíochta) ar ghníomhaíochtai soghluaiseachta foghlama go dtí tíortha neamh-AE agus uathu, agus ar chomhar agus idirphlé beartais le húdaráis/institiúidí/eagraíochtaí sna tíortha sin. Beidh feidhm ag forálacha an Rialacháin "Erasmus do Chách" maidir le húsáid na gcistí sin.

   Cuirfear an cistiú ar fáil trí dhá leithdháileadh ilbhliantúla nach gcuimseoidh ach na chéad ceithre bliana agus na trí bliana ina dhiaidh sin faoi seach. Beidh an cistiú sin léirithe i gclárú táscach ilbhliantúil na n-ionstraimí sin, i gcomhréir leis na riachtanais agus na tosaíochtaí a aithníodh sna tíortha lena mbaineann. D'fhéadfaí na leithdháiltí a athbhreithniú i gcás mórchúinsí gan choinne nó athruithe tábhachtacha polaitiúla i gcomhréir le tosaíochtaí seachtracha an AE.

*Airteagal 15*

***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

**IARSCRÍBHINN**

- An Albáin
- An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin
- An Íoslainn
- An Chosaiv*
- Montainéagró
- Poblacht na Seirbia
- An Tuirc
- Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine

*Faoi Rún 1244/1999 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH LE hAGHAIDH TOGRAÍ

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Na forais leis an togra/tionscnamh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imrítear tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. An tionchar a mheastar ar leithreasaí de chineál riaracháin*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH LE hAGHAIDH TOGRAÍ

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| An Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) |

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[26]

| |
|---|
| Méadú |

### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☒ Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht nua a leanann treoirthionscadal/réamhghníomhaíocht**[27]

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar ghníomhaíocht atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht a atreoraíodh i dtreo gníomhaíochta nua**

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

Is é cuspóir ginearálta an bheartais um méadú Airteagal 49 den Chonradh ar an Aontas Eorpach a chur chun feidhme, rud a thugann dearcadh Eorpach do gach tír Eorpach a urramaíonn luachanna bunúsacha an AE agus atá tiomanta do na luachanna sin a chothú.

Leis an mbeartas um méadú, cuirtear cobhsaíocht, slándáil agus rathúnas san Eoraip chun cinn agus méadaítear neart an AE ar an ardán idirnáisiúnta.

Cuidíonn an beartas um méadú leis an daonlathas agus an smacht reachta san Eoraip a chomhdhlúthú. Feabhsaítear deiseanna eacnamaíocha leis, agus méadaítear neart an AE maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda amhail an t-athrú aeráide, iomaíochas agus rialú agus maoirseacht na margaí airgeadais, agus cuidítear, leis an mbeartas, lena bheith réidh don chomhiarracht chun aghaidh a thabhairt ar spriocanna Eoraip 2020. Tugann an próiseas aontachais spreagadh láidir d'athchóiriú polaitiúil agus eacnamaíoch.

Tríd an bpróiseas um méadú, cuidíonn lánpháirtíocht níos gaire leis an AE freisin maidir lena chuid cuspóirí a bhaint amach i roinnt réimsí atá ríthábhachtach maidir le hathchóiriú sóisialta agus eacnamaíoch i gcomhair fáis chliste, inbhuanaithe agus uilechuimsithigh, lena n-áirítear fuinneamh, iompar, cosaint an chomhshaoil, athléimneacht ó thubaistí agus iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar

[26] ABM: Bainistiú de réir gníomhaíochtaí – ABB: Bunú an bhuiséid de réir gníomhaíochtaí.
[27] Mar a thagraítear dó in Airteagal 49(6)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

an athrú aeráide. Na hiarratais nua ar bhallraíocht, léirítear leo cumhacht tarraingthe an AE agus an ról atá aige maidir leis an gcobhsaíocht, an t-slándáil agus an rathúnas a chothú.

A bhuí le beartas um méadú an AE, féadfar próiseas a bhunú a bhainistítear go cúramach ina dtagann iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha chuig an AE i gcomhréir le luas a gcuid athchóirithe polaitiúla agus eacnamaíocha chomh maith lena gcuid acmhainne chun na hoibleagáidí a bhaineann le ballraíocht a ghlacadh i gcomhréir le critéir Chóbanhávan. Sna Balcáin Thiar, tá comhar réigiúnach fós ríthábhachtach agus tá sé ina ghné lárnach den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais.

A luaithe a chinneann an Chomhairle tús a chur le hidirbheartaíochtaí aontachais le tír iarrthach, léirítear dul chun cinn na tíre iarrthaí i dtreo chaighdeáin Eorpacha a chomhlíonadh sna caibidlí oscailte agus dúnta den *acquis*.

Thar na cúig bliana anuas, léirigh an tAontas Eorpach méadaithe a acmhainn chun obair le chéile chun dul i ngleic leis na dúshláin thábhachtacha atá os a chomhair. A bhuí le dul chun cinn maidir le hathchóirithe i dtíortha an mhéadaithe thar an tréimhse sin, d’fhéad siad bogadh trí chéimeanna i ndiaidh a chéile sa phróiseas aontachais.

Tá próiseas um méadú an AE ag bogadh ar aghaidh ag luas arna chinneadh, den chuid is mó, ag acmhainn na dtíortha iarrthacha chun na hoibleagáidí a bhaineann le ballraíocht a ghlacadh. Éilíonn sé seo athchóirithe buana chomh maith le hoiriúnaithe reachtacha agus institiúideacha atá inchreidte agus diongbháilte. De réir mar a chomhlíonann na tíortha lena mbaineann na caighdeáin a leagadh síos, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an daonlathas, leis an smacht reachta agus le cearta agus saoirí bunúsacha go háirithe, tá an AE tiomanta dona bheith ag obair leo chun dul ar aghaidh chuig na chéad chéimeanna eile sa phróiseas.

Tá ionstraim lánpháirtithe réamhaontachais amháin beartaithe mar chrann taca airgeadais den Straitéis um Méadú, ionstraim lena gcuimseofar na gnéithe go léir de bheartais inmheánacha agus de shaincheisteanna téamacha.

Is é an aidhm a áirithiú go mbeidh tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha ullmhaithe go hiomlán d'aontachas faoi dheireadh. Cuirfear béim ar an dea-rialachas, ar acmhainn riaracháin, ar fhorbairt shocheacnamaíoch, ar chomhar réigiúnach, ar an *acquis* a ghlacadh agus a chur chun feidhme, agus ar ullmhú do bheartais inmheánacha a bhainistiú tar éis an aontachais. Déanfar í a chur chun feidhme trí chláir náisiúnta/iltairbhithe arna gcomhaontú leis na tairbhithe agus léireofar léi na Cistí Struchtúracha, an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), lena n-áirítear a n-athdhíriú ar earraí poiblí a sheachadadh.

Ina theannta sin, leanfaidh ionstraimí a bhaineann le géarchéimeanna polaitiúla agus airgeadais (Cúnamh Macra-Airgeadais, an Ionstraim um Chobhsaíocht) de bheith ar fáil le haghaidh úsáide i dtíortha an mhéadaithe, nuair is gá.

*1.4.2. Cuspóirí sonracha agus an ghníomhaíocht nó na gníomhaíochtaí ABM/ABB a bhaineann leis an tionscnamh*

Cuspóir sonrach Uimh.

(a) Tacaíocht d'athchóirithe polaitiúla

(b) Tacú leis na hathchóirithe agus leis an bhforás sa gheilleagar, sa tsochaí agus sa chríoch, ar mhaithe le fás a bheidh inbhuanaithe, cliste agus uilechuimsitheach

(c) Neartú a dhéanamh ar chumas na dtíortha tairbhíocha an oibleagáid a bhaineann le ballraíocht a ghlacadh trí thacaíocht a thabhairt d'ailíniú forásach leis an *acquis communautaire* agus do ghlacadh, cur chun feidhme agus forfheidhmiú an *acquis communautaire*, lena n-áirítear ullmhúchán do chur chun feidhme agus bainistíocht chistí struchtúracha, lánpháirtíochta, talmhaíochta agus forbartha tuaithe an AE.

(d) Lánpháirtíocht réigiúnach agus comhar críche

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

04.06 An Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) - Forbairt ar acmhainní daonna

05.05 Bearta réamhaontachais i réimse na talmhaíochta agus na forbartha tuaithe

13.05 Oibríochtaí réamhaontachais a bhaineann leis na beartais struchtúracha

22.02 An próiseas um méadú agus an straitéis um méadú

22.04.02 Cláir faisnéise agus chumarsáide le haghaidh tíortha nach Ballstáit iad

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leis*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Leis an ionstraim réamhaontachais nua, leanfar de bheith *ag díriú ar an mBeartas um Méadú a bhaint amach* atá ar cheann amháin de phríomhthosaíochtaí Ghníomhaíocht Sheachtrach an AE, agus rannchuideofar le cobhsaíocht, slándáil agus rathúnas a chur chun cinn san Eoraip ar an gcaoi sin. Chuige sin, saothrófar leis an ionstraim nua an cuspóir beartais ginearálta a bhaineann le tacú le tíortha is iarrthóirí agus le hiarrthóirí ionchasacha ina n-ullmhúcháin do bhallraíocht an AE agus ailíniú forásach a gcóras náisiúnta agus a ngeilleagar le caighdeáin agus le beartais an Aontais Eorpaigh, de réir a riachtanas sonrach agus arna n-oiriúnú dá gclár oibre ar leith um méadú.

I dtéarmaí *na dtorthaí agus na dtionchar a bheidh le baint amach*, tabharfar aghaidh ar na nithe seo a leanas san ionstraim nua: i) an bhearna forbartha/dúshláin sna tíortha tairbhíocha, ii) an acmhainn theoranta chun iad siúd a shárú trína n-acmhainní dílse agus na hinstitiúidí laga poiblí nó an acmhainn riaracháin sna tíortha tairbhíocha, agus iii) éagothromaíochtaí a laghdú i measc tíortha tairbhíocha, tríd an méid seo a leanas a bhaint amach:

(i) institiúidí daonlathacha a oibríonn ar bhealach níos fearr, go háirithe maidir leis an urraim ar an smacht reachta, ar chearta an duine, agus ar chuimsiú na mionlach a áirithiú; éillitheacht agus an choireacht eagraithe a laghdú; riarachán poiblí athchóirithe agus nua-aimseartha;

(ii) caighdeáin an AE sa gheilleagar agus sa rialachas eacnamaíoch; acmhainn níos fearr chun dul in iomaíocht laistigh d'fhórsaí an mhargaidh san Aontas; rátaí fostaíochta níos fearr, acmhainní daonna níos oilte agus éagothromaíochtaí sóisialta laghdaithe; acmhainn taighde agus nuálaíochta mhéadaithe

(iii) dlíthe glactha agus forfheidhmithe atá ailínithe go forásach le h*acquis* an AE; acmhainn níos fearr chun cistí struchtúracha, talmhaíochta agus forbartha tuaithe an AE a chur chun feidhme agus a bhainistiú; rannpháirtíocht mhéadaithe i gcláir agus gníomhaireachtaí roghnaithe an AE.

(iv) lánpháirtíocht eacnamaíoch mhéadaithe sa réigiún, lena n-áirítear trí bhonneagar trasteorann fuinnimh agus iompair, caidreamh níos gaire agus atreisithe idir comharsana i measc na dtíortha tairbhíocha agus leis an AE.

Leis an dul chun cinn maidir leis na cuspóirí beartais shonracha sin, rannchuideofar le cur chun feidhme chreataí beartais níos leithne an AE amhail an straitéis Eoraip 2020, Pacáiste an AE um Fhuinneamh agus Athrú Aeráide agus an tAontas Nuálaíochta.

*1.4.4. Táscairí a léiríonn toradh agus tionchar*

*Sonraigh na táscairí a léiríonn faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh*

Is féidir dul chun cinn i dtreo chuspóirí sonracha na hionstraime nua a mheasúnú trí thrí phríomh-mhacrath※scaire:

- Dul chun cinn i dtreo na tagarmharcanna aontachais (caibidlí oscailte/dúnta) a chomhlíonadh nó cuntas teiste dearfach maidir leis na Comhaontuithe Comhlachais a chur chun feidhme mar a léirítear, inter alia, le Tuarascálacha dearfacha ar Dhul Chun Cinn, innéacsanna suirbhé-bhunaithe arna gcur le chéile ag eagraíochtaí creidiúnacha idirnáisiúnta a bhaineann le réimsí amhail éifeachtacht an rialtais; an chobhsaíocht pholaitiúil agus asláithreacht an fhoréigin; an smacht reachta;

- **Forás socheacnamaíoch,** mar atá tomhaiste le táscairí tionchair amhail innéacs forbartha daonna Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe mar aonad tomhais ginearálta maidir le rathúnas; rátaí dífhostaíochta; insreabha infheistíochta dírí eachtrannaí; comharduithe trádála;

- **Comhar agus lánpháirtíocht réigiúnach,** mar atá tomhaiste le hinnéacsanna suirbhé-bhunaithe ina léirítear dearcthaí ar leibhéal (treocht) na slándála agus na cobhsaíochta; idirghníomhartha polaitiúla, eacnamaíocha agus cultúrtha.

I measc na spriocanna agus na ngarspriocanna ábhartha a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis na macratháscairí sin, tá na nithe seo a leanas, *inter alia*: an t-iarratas ar bhallraíocht an AE a fháil, tuairim dhearfach a ghlacadh ag an gCoimisiún ar an iarratas nó ar an moladh maidir le stádas a dheonú don tír is iarrthóir, moltaí i ndáil le hidirbheartaíochtaí a oscailt maidir leis an aontachas, caibidlí idirbheartaíochta a oscailt nó a dhúnadh go sealadach, idirbheartaíochtaí maidir le haontachas a dhúnadh go foriomlán, céim chomhlíonta chritéir Chóbanhávan, teacht i bhfeidhm an léirscaoilte víosa agus an chomhaontaithe athiontrála, cumhachtaí bainistíochta chúnamh IPA a tharmligean, rialuithe

ex-ante maidir le bainistíocht chúnamh IPA a tharscaoileadh, teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe custaim/trádála agus constaicí/bacainní teicniúla ar thrádáil a bhaint, rannpháirtíocht i dtionscnaimh réigiúnacha, saincheisteanna déthaobhacha a réiteach, dul chun cinn maidir le lánpháirtíocht na Líonraí Tras-Eorpacha.

Ar an leibhéal oibríochtúil, d'fhéadfaí dul chun cinn a thomhas i ndáil le *cuspóirí oibríochtúla* a fhreagraíonn do chuspóirí sonracha i. go iv. a aithníodh don ionstraim réamhaontachais amach anseo. I measc na gcuspóirí oibríochtúla, tá:

(e) feabhas a chur ar dhearcthaí ar an daonlathas agus ar an gcóras ceartais agus maidir le cearta an duine agus an neamh-idirdhealú; laghdú a dhéanamh ar ualach cásanna cúirte amuigh agus ar líon na sáruithe ar chearta bunúsacha; méadú a dhéanamh ar acmhainní maidir le forfheidhmiú an dlí agus ar acmhainn riaracháin i gcoitinne, laghdú a dhéanamh ar iomlaoid foirne.

(f) straitéisí fónta éifeachtacha forbartha sóisialta agus eacnamaíche a fhorbairt; feabhas a chur ar scileanna agus ar leibhéil cháilíochta agus seirbhísí mhargadh an tsaothair a neartú; tacú le hinfheistíocht phoiblí; struchtúir bhainistíochta a bhunú le haghaidh chistí struchtúracha, lánpháirtíochta agus forbartha tuaithe an AE ar aontachas, creidiúnú agus bronnadh na bainistíochta a bhaint amach;

(g) feabhas a chur ar an gcreat reachtach; reachtaíocht a ailíniú leis an *acquis*, institiúidí agus struchtúir forfheidhmithe a chruthú agus a neartú; dul isteach i gcláir an AE agus an rannpháirtíocht sna cláir sin a dhoimhniú;

(h) comhar níos doimhne a spreagadh.

Beidh gá le cuspóirí oibríochtúla a oiriúnú do na cúinsí i ngach tairbhí agus leagfaí síos iad sna doiciméid chlárúcháin atá bunaithe ar na dúshláin a aithníodh.

Leagadh béim sa mheastóireacht ex-ante freisin ar an ngá atá le treoir mhionsonraithe a chur ar fáil agus le hacmhainní a fhorbairt sna tíortha tairbhíocha chun bailiú córasach a dhéanamh ar na sonraí riachtanacha a bheidh ag teastáil chun dul chun cinn a mheas ar an leibhéal oibríochtúil. Bhí méaduithe roimhe seo ina gcúis le tosaíocht níos mó a thabhairt d'fhaireachán agus do mheastóireacht ar leibhéal an chláir agus do cheapadh beartais atá 'bunaithe ar fhianaise' i mBallstáit nua. Ba cheart d'athruithe i dtreo leithdháiltí acmhainní atá bunaithe ar fheidhmíocht agus ar choinníollacha agus riachtanais a chomhlíonadh claonadh den chineál céanna a spreagadh i measc tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha.

Maidir leis an bpríomhshruthaithe aeráide, cuirfear córas rianaithe i bhfeidhm chun a shainaithint cén áit a gcothaíonn cláir gníomh aeráide nó éifeachtacht fuinnimh ionas go mbeadh an AE in ann an méid dá chaiteachas a bhaineann le saincheisteanna den sórt sin a leagan amach go soiléir. Déanfar tagarmharcanna soiléire agus rialacha soiléire faireacháin agus tuairiscithe a bhunú. Déanfar rianú ar chaiteachas a bhaineann leis an aeráid de réir mhodheolaíocht sheanbhunaithe na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (‘marcóirí Rio') I gcomhréir le ceangaltas níos leithne an Choimisiúin i leith an phríomhshruthaithe, cuirfear marcóir na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta/an Choiste Cúnaimh Forbartha chun feidhme chun rianú a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir leis an mbithéagsúlacht agus le príomhshruthú fásaithe.

Ní mór a chur san áireamh i bhfaireachán agus i meastóireachtaí amach anseo go mbeidh torthaí agus tionchair éagsúil ar fud tíortha tairbhíocha, mar gheall ar a gcuid difríochtaí agus ar na riachtanais agus na seasaimh éagsúla ar an gcosán i dtreo an aontachais. Ós rud é go leanfaidh an ionstraim de bheith *ag oibriú in éineacht leis an bpróiseas idirbheartaíochta polaitiúla* agus le hidirghabhálacha eile a bhfuil tionchar acu ar an aontachas, beidh sé deacair dul chun cinn a eascraíonn go heisiach ón ionstraim a aithint, ach amháin ar leibhéal na ngníomhaíochtaí sonracha. Beidh cuid mhór de '*thorthaí*' an chláir amach anseo - amhail dul chun cinn maidir leis na critéir pholaitiúla um aontachas a chomhlíonadh - *deacair a thomhas i ngeall ar a gcineáil*: go pointe áirithe, d'fhéadfaí cuspóirí na hionstraime a bhaint amach tríd an stádas a thugtar ar an tairbhí a oiread agus a d'fhéadfaí iad a bhaint amach trí thorthaí idirghabhálacha airgeadais an AE.

**1.5. Na forais leis an togra/tionscnamh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a shásamh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Is ionann tairbhithe an chúnaimh agus tíortha iarrthacha agus iarrthóirí ionchasacha ar bhallraíocht an AE sna Balcáin Thiar, san Íoslainn agus sa Tuirc.

Sa bhliain 1999, leag an CE fís amach maidir le caidreamh idir an AE agus na Balcáin Thiar, ag bogadh ar aghaidh ón gCur Chuige Réigiúnach chuig uirlis nua dá chuid, an Próiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais. Ní amháin gur díríodh leis ar chobhsaíocht pholaitiúil agus eacnamaíoch agus ar chomhar réigiúnach, corpraíodh ionstraimí um méadú leis an bPróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais de réir a chéile chun tíortha an réigiúin a thabhairt níos gaire do luachanna agus do chaighdeáin an AE.

D'admhaigh an Chomhairle Eorpach in Feira i mí an Mheithimh 2000 go raibh tíortha na mBalcán Thiar a bhí rannpháirteach sa Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais ina 'n-iarrthóirí ionchasacha' ar bhallraíocht an AE. Dheimhnigh an Chomhairle Eorpach dearcadh Eorpach na dtíortha sin arís eile in Thessaloniki i mí an Mheithimh 2003 agus thacaigh sí leis an *Thessaloniki Agenda for the Western Balkans"* (Clár Oibre Thessaloniki do na Balcáin Thiar). Is ionann an clár oibre seo agus bunchloch bheartas an AE don réigiún go fóill. Ag an gcruinniú aireachta idir an AE agus na Balcáin Thiar i Sairéavó ar an 2 Meitheamh 2010, d'athdhearbhaigh an AE a thiomantas do dhearcadh Eorpach na mBalcán Thiar agus chuir sé béim go luíonn todhchaí na dtíortha sin san AE.

De na tíortha siúd a tháinig faoin bPróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais ar dtús, fuair an Chróit, Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine agus Montainéagró (le déanaí) stádas iarrthóra, agus tá an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv[28] agus an tSeirbia ina n-iarrthóirí ionchasacha. I measc tíortha eile ar tugadh dearcadh aontachais an AE dóibh, tá an Tuirc, a chuir iarratas isteach cheana féin sa bhliain 1987 agus a deonaíodh stádas iarrthóra di sa bhliain 1999; agus an Íoslainn, a chuir iarratas isteach sa bhliain 2009 agus a deonaíodh stádas iarrthóra di sa bhliain 2010.

Tá na trí eochaircheanglas le haghaidh aontachais leagtha amach i gconclúidí na Comhairle Eorpaí i gCóbanhávan sa bhliain 1993 (ar a dtugtar "Critéir Chóbanhávan"). Is iad sin:

(i) Cobhsaíocht na n-institiúidí a ráthaíonn an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus urraim ar na mionlaigh agus cosaint na mionlach;

[28] Faoi Rún 1244/1999 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe

(ii) Geilleagar margaidh feidhmeach a bheith ann, chomh maith leis an acmhainn chun déileáil le brú iomaíochta agus le fórsaí margaidh laistigh den Aontas; agus

(iii) An cumas chun na hoibleagáidí a bhaineann le ballraíocht a ghlacadh, lena n-áirítear cloí le haidhmeanna an aontais pholaitiúil, eacnamaíoch agus airgeadaíochta

Chomh maith leis sin, thagair an Chomhairle Eorpach i Maidrid i mí na Nollag 1995 don ghá atá leis na coinníollacha a chruthú do lánpháirtíocht chomhleanúnach chomhchuibhiúil na dtíortha [iarrthacha], go háirithe tríd an ngeilleagar margaidh a fhorbairt, trína gcuid struchtúr riaracháin a oiriúnú agus trí thimpeallacht chobhsaí eacnamaíoch agus airgeadaíochta a chruthú.

Ní mór do bhaill ionchasacha critéir Chóbanhávan a chomhlíonadh sular féidir tús a chur le hidirbheartaíochtaí ballraíochta. Éilíonn ailíniú na dtairbhithe le critéir aontachais iarrachtaí suntasacha ó thaobh infheistíochta poiblí de agus rochtain ar eolas agus saineolas domhain. Tá tacaíocht an AE ceaptha chun cabhrú le hiarrthóirí d'fhonn cuidiú leo chun na critéir sin a chomhlíonadh.

1.5.2. *Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an AE*

Is cuid é an beartas um méadú den gníomhaíocht sheachtrach agus is cabhair é le gur féidir na comhchuspóirí maidir leis na dúshláin fhoriomlána, leis an bhfreagairt fhoriomlán agus leis an gceannaireacht fhoriomlán a bhaint amach.

De réir a nádúir féin is **tasc i bpáirt** é méadú leantach an AE nach féidir a chur chun cinn ach ar leibhéal an AE. Is iad na Ballstáit amháin agus iad ag gníomhú le chéile ar féidir leo cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratais ar aontachas ó iarrthóirí nua. Is éard is aidhm don chúnamh réamhaontachais a chuirtear ar fáil trí bhuiséad an AE cabhrú le tíortha is iarrthóirí/ iarrthóirí ionchasacha iad féin a ullmhú le bheith ina mball amach anseo: Tá an IPA ceaptha le go bhfaighidh na tíortha seo "rith tástála" maidir le hoibleagáidí na ballraíochta roimh aontú dóibh (amhail institiúidí a bhunú le haghaidh cistí iar-aontachais an AE a bhainistiú, agus/nó an *acquis* agus caighdeáin an AE a ghlacadh). Níl aon ionstraim iltaobhach nó dhéthaobhach eile atá chomh hildánach céanna, agus, i gcás ar bith, is é an AE amháin atá i riocht na cineálacha cúnaimh a shainiú atá riachtanach le gur féidir leis na tíortha seo an *acquis* a ghlacadh chucu.

Tá cúnamh réamhaontachais ina infheistíocht i dtodhchaí an AE, agus tacaítear leis le cobhsaíocht agus rathúnas na dtíortha comharsanachta agus áirithítear acmhainn éifeachtach na dtíortha is iarrthóirí maidir leis an *acquis* a chur chun feidhme tar éis an aontachais. Le cúnamh teicniúil agus airgeadais, brostaítear an próiseas ullmhúcháin agus cruthaítear dreasachtaí le haghaidh athrú riachtanach na sochaí, na gcóras dlí agus an gheilleagair. Cuidítear leis an gcúnamh sin le cuspóirí bheartais inmheánacha an AE a chomhlíonadh, cruthaítear deiseanna do ghnóthais an AE agus soláthraítear toradh inláimhsithe ar infheistíocht. Gan an bhaint dhian agus gan an chomhpháirtíocht níos dlúithe arna gcorprú i gcúnamh réamhaontachais, tá sé cinnte go mbeadh ar an AE níos mó airgid a chaitheamh ar imirce neamhdhleathach a chomhrac, ar theorainneacha seachtracha an AE a dhaingniú, ar shlándáil an tsoláthair fuinnimh agus allmhairí bia sábháilte agus sláintiúla a áirithiú dá chuid saoránach go léir, ar athrú aeráide agus truailliú a chomhrac, ar aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí trasteorann tubaistí agus ar dhlúthpháirtíocht an AE a chur ar fáil do thíortha ina bhfuil leibhéal íseal athléimneachta ó thubaistí.

Le blianta beaga anuas tá Ballstáit an AE ag laghdú leibhéal a gcúnaimh dhéthaobhaigh leis na tíortha is iarrthóirí agus leis na hiarrthóirí ionchasacha, mar go n-admhaíonn siad go bhfuil an ghníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an AE níos éifeachtaí. Tháinig timpeall ar leathchuid de chúnamh airgeadais

iomlán an AE le tíortha an mhéadaithe in 2009 ó bhuiséad an AE. Tríd is tríd, tá na heagraíochtaí deonta iltaobhacha tar éis deireadh a chur lena dtacaíocht agus tá na heagraíochtaí eile tar éis a gcuid clár a ailíniú le tosaíochtaí an AE. Ba cheart tabhairt faoi deara, mar gheall ar a chuid cuspóirí forbartha sonracha agus a chuid tionchair shonraigh, go gcaitear le cúnamh réamhaontachais mar chúnamh forbartha oifigiúil de chuid an AE freisin.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí chosúil roimhe seo*

I ***meitimheastóireacht meántéarma ar IPA***, a cuireadh i gcrích i mí Feabhra 2011 agus inar díríodh go príomha ar chreat straitéiseach IPA (Doiciméid um Pleanáil Ilbhliantúil Tháscach) agus ar chlárú (cúnamh teicniúil agus comhpháirt um institiúidí a fhorbairt go príomha), rinneadh measúnú ar loighic idirghabhála agus feidhmíocht (iarbhír nó ionchasach) an chúnaimh, go háirithe maidir lena chuid ábharthachta, éifeachtúlachta, éifeachtachta, tionchair agus inbhuanaitheachta.

I gcás na loighice idirghabhála (i.e. an dóigh a ndéantar cúnamh a phleanáil agus a chlárú), cinneadh sa mheastóireacht go bhfuil na Doiciméid um Pleanáil Ilbhliantúil Tháscach ina ndoiciméid chlárúcháin thábhachtacha ina gcuirtear treoir agus fócas riachtanach ar fáil don phróiseas cláraithe agus go bhfuil sé soiléir go bhfuil siad níos fearr ná na doiciméid chlárúcháin choibhéiseacha do na cláir chúnaimh réamhaontachais roimhe seo. Fuarthas amach sa mheastóireacht freisin gur tháinig feabhas le himeacht ama ar chaighdeán na gcuspóirí agus na dtáscairí sna Doiciméid um Pleanáil Ilbhliantúil Tháscach agus sna doiciméid chlárúcháin. Mar sin féin, moladh feabhsuithe eile.

Fuarthas amach sa mheastóireacht gur tháirg IPA torthaí maithe fiúntacha. Fuarthas amach go bhfuil an éifeachtacht is láidre i réimsí a bhaineann le h*acquis*, cé go bhfuarthas amach go raibh roinnt réimsí cothrománacha, amhail athchóiriú riaracháin phoiblí, go háirithe dúshlánach. Bhí riachtanais airgeadais na dtíortha tairbhíocha, go háirithe maidir le bonneagar, níos mó go soiléir ná maoiniú IPA (agus maoiniú deontóirí eile) a bhí ar fáil. Dá bhrí sin, bhí sé ina dhúshlán mór don todhchaí úsáid éifeachtúil a bhaint as cistí IPA agus leanúint ar aghaidh le ról giarála a imirt ar mhaithe le foinsí maoinithe eile. Fuarthas amach freisin go raibh tionscadail dírithe go maith ar cheanglais aontachais an AE go ginearálta, ach go bhféadfaí feabhas breise a chur ar an éifeachtacht agus ar an tionchar ach an cúnamh um fhorbairt institiúidí a dhíriú ar líon níos teoranta d'earnálacha tosaíochta. Fuarthas amach sa mheastóireacht gur seanbhunaithe a bhí na meicníochtaí maidir le comhordú deontóirí agus le comhchuibhiú an chúnaimh agus go raibh úinéireacht an chláir oibre de chuid na dtíortha tairbhíocha agus a n-acmhainn riaracháin, rudaí ar gá iad a neartú, ina dtoisc chinntitheach maidir le tionchar agus inbhuanaitheacht a bhaint amach.

Cinneadh sa mheastóireacht gur cheart go ndéanfaí éascú a dhéanamh ar chúnamh a chur in ord tosaíochta agus a chur in ord, ar chomhordú deontóirí agus ar fheabhas a chur ar úinéireacht tíortha tairbhíocha trí Chur Chuige Earnáilbhunaithe (CCE)/ilbhliantúil[29] maidir le pleanáil agus clárú a ghlacadh.

Cuireadh ***meastóireacht eatramhach dhá chéim ar na chéad ocht gclár Comhair Thrasteorann*** ag teorainneacha in-Thiar na mBalcán de chuid IPA i gcrích i mí na Bealtaine 2011. Cinneadh sa mheastóireacht go mbraitheann páirtithe leasmhara feabhas ar chaidreamh idir comharsana mar thoradh

[29] Tá cur chuige earnála maidir le pleanáil agus clárú an chúnaimh bunaithe ar straitéisí tír-earnála, cuirtear acmhainní le chéile ó dheontóirí éagsúla faoi agus tá sé mar aidhm leis cuspóirí beartais níos leithne a bhaint amach

ar an gclár agus go measann siad go bhfuil sé tábhachtach maidir le comhar amach anseo agus go bhfuil coinníollacha aibí ann le haghaidh comhair mhéadaithe. *Moladh sa mheastóireacht gur cheart anailís shocheacnamaíoch a neartú le bonn staidrimh níos nuashonraithe, le míniú níos fearr ar na critéir a úsáidtear chomh maith le hailíniú níos fearr le réimsí staidrimh. Moladh inti freisin gur cheart an pacáiste iarratais agus an nós imeachta meastóireachta a chuíchóiriú agus a shimpliú.*

Rinneadh ***meastóireachtaí ex-ante ar chláir oibríochta maidir le forbairt réigiúnach, le forbairt acmhainní daonna agus le forbairt tuaithe*** chun tacú agus cuíchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas cláraithe. Is coiteann do gach cláir a bhí moltaí chun neartú a dhéanamh ar an anailís lena mbuntacaítear le treosuíomh na gclár agus chun an t-aschur, na torthaí agus na táscairí tionchair a fheabhsú arís eile. Tá meastóireachtaí eatramhacha ar siúl.

Cinneadh i ***meastóireacht ex-ante ar na hionstraimí airgeadais réamhaontachais iar-2013*** go bhfuil réasúnaíocht láidir maidir le leanúint ar aghaidh le cúnamh airgeadais ar leibhéal an AE chun tacú leis an bpróiseas um méadú. Tháinig an gá atá le **leanúnachas** a áirithiú leis an ionstraim atá ann faoi láthair chun cinn go soiléir, ós rud é go bhfuil struchtúir agus córais is gá chun cúnamh an AE a bhainistiú á mbunú cheana féin. Mar sin féin, i bhfianaise na ndifríochtaí i measc tíortha tairbhíocha (i dtéarmaí socheacnamaíocha, i dtaca le forbairt a gcuid institiúidí agus a gcuid riaracháin phoiblí agus lena gcuid dearcaidh ar an aontachas), moladh sa chomhairliúchán **cur chuige níos oiriúnaí, rialacha simplithe cur chun feidhme, níos mó solúbthachta agus treoshuíomh straitéiseach feabhsaithe** maidir le leithdháileadh an chúnaimh, agus úsáid níos córasaí **clárúcháin ilbhliantúil**.

*1.5.4. Comhchuibheas agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí ábhartha eile*

Leis an togra, coinnítear ionstraim thiomanta lánpháirtithe maidir le cúnamh réamhaontachais mar chrann taca airgeadais den Straitéis um Méadú lena gcuimsítear na gnéithe go léir de bheartais inmheánacha agus de shaincheisteanna téamacha. Tá sé seo amhlaidh toisc gurb é atá i gceist go príomha leis an mbeartas um Méadú cuidiú a thabhairt do chomhpháirtithe chun a bheith freagrach as an *acquis*, agus clúdaítear le caidreamh an AE leis na tíortha is iarrthóirí agus le hiarrthóirí ionchasacha beagnach gach saincheist théamach (rathúnas, slándáil, trádáil, cearta an duine, srl.). Ar mhaithe le comhchuibheas, le héifeachtúlacht, le héifeachtacht agus le tionchar, ba cheart, dá bhrí sin, beartais inmheánacha agus saincheisteanna téamacha a phríomhshruthú i straitéisí comhchuibhithe tíre agus ba cheart iad a bhaint amach trí chláir thíre, iltairbhithe nó thrasteorann arna gcomhaontú leis na tíortha tairbhíocha. Ar aon dul le clár oibre an AE um Chomhchuibheas Beartais le haghaidh Forbartha, ós rud é go gclúdaítear le IPA na beartais inmheánacha go léir, is féidir na tionchair sheachtracha atá ag na beartais inmheánacha ar thíortha réamhaontachais a chur san áireamh ar bhealach níos fearr, i gcásanna ina bhfuil cuspóirí forbartha an AE i gceist. Baineann tábhacht ar leith leis sin i réimsí amhail trádáil, an t-athrú aeráide nó fuinneamh.

Mar sin féin, i gcás ina n-éilíonn nádúr na gníomhaíochta (i.e. teicniúil, aimsiú domhanda, seachas díriú go príomha ar an aontachas), i gcás nach gcomhlíonann tír thairbhíoch luachanna bunúsacha Eorpacha (mar shampla, urraim ar chearta an duine), nó i gcás ina bhfuil gné sheachtrach an-tábhachtach ag an ionstraim bheartais inmheánaigh, d’fhéadfaí idirghabháil a dhéanamh faoi ionstraimí eile i réigiún an mhéadaithe (e.g. Ionstraim Eorpach i gcomhair Daonlathais agus Chearta an Duine, an Ionstraim um Chomhar maidir le Sábháilteacht Núicléach, an Ionstraim le haghaidh Cobhsaíochta agus Cúnaimh Mhacra-airgeadais, an tSaoráid "Connecting Europe" , ...).

## 1.6. Fad agus tionchar airgeadais

☒ Togra/tionscnamh **d'fhad teoranta**

☒ Togra/tionscnamh in éifeacht ón 01/01/2014

☒ Tionchar airgeadais ón 01/01/2014 go dtí an 31/12/2020

☐ Togra/tionscnamh **d'fhad neamhtheoranta**

– Cur chun feidhme le tréimhse thosaigh idir BBBB agus BBBB,

– agus feidhm iomlán ina dhiaidh sin.

## *1.7.* Modhanna bainistíochta atá beartaithe[30]

☒ **Bainistíocht dhíreach láraithe** ag an gCoimisiún

☒ **Bainistíocht indíreach láraithe** trí na cúraimí cur chun feidhme a tharmligean chuig:

– ☒ gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

– ☐ comhlachtaí arna mbunú ag na Comhphobail[31]

– ☒ comhlachtaí náisiúnta san earnáil phoiblí/comhlachtaí a bhfuil misean de sheirbhís phoiblí acu

– ☐ daoine a bhfuil sé de chúram orthu gníomhaíochtaí ar leith a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus atá sainaitheanta sa ghníomh bunaidh ábhartha de réir bhrí Airteagal 49 den Rialachán Airgeadais

☒ **Bainistíocht chomhpháirteach** leis na Ballstáit: cuirfidh údaráis bhainistíochta ó Bhallstáit an AE cláir um chomhar trasteorann idir Ballstáit an AE agus tíortha tairbhíocha an IPA chun feidhme faoi bhainistíocht chomhpháirteach

☒ **Bainistíocht dhíláraithe** le tríú tíortha

☒ **Comhbhainistíocht** le heagraíochtaí idirnáisiúnta: is iad a bheidh páirteach go bunúsach i gcomhbhainistíocht institiúidí idirnáisiúnta airgeadais (amhail an Banc Eorpach Infheistíochta, an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha, an Banc Domhanda, Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa) chomh maith le gníomhaireachtaí speisialaithe na Náisiún Aontaithe, faoi mar a bheidh.

*I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

---

30 Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin BudgWeb:http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

31 Mar a dtagraítear dóibh in Airteagal 185 den Rialachán Airgeadais.

Nótaí

Is í aidhm dheiridh an rialacháin go ndéanfar cúnamh a bhainistiú faoi fhreagracht iomlán na dtíortha tairbhíocha, faoi bhainistíocht dhíláraithe. Mar sin féin, cuirfear an cuspóir seo chun feidhme go forásach, de réir mar a fhorbraíonn acmhainn riaracháin na dtíortha tairbhíocha, agus de réir mar a chomhlíontar na coinníollacha um chumhachtaí bainistíochta a thabhairt. Le linn na gcéimeanna tosaigh, coinneoidh an Coimisiún rialú bainistíochta, nó cuirfidh sé an cur chun feidhme ar iontaoibh comhlachtaí speisialaithe faoi bhainistíocht indíreach nó faoi chomhbhainistíocht, faoi mar a bheidh. Beidh bainistíocht láraithe ar an modh príomhúil maidir le cláir iltíre.

Úsáidfear comhbhainistíocht freisin ar mhaithe le gníomhaíochtaí le hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta agus le hinstitiúidí airgeadais na hEorpa, d'fhonn cistiú breise a ghiaráil, go bunúsach ar mhaithe le hinfheistíocht sa bhonneagar sóisialta nó eacnamaíoch is gá.

Ar deireadh, leanfar le bainistíocht chomhpháirteach a úsáid ar mhaithe le cuspóirí comhair chríche a bhaineann le ballstáit an AE.

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Socruithe faireacháin agus meastóireachta

*Sonraigh cé chomh minic agus na coinníollacha.*

Treiseofar na socruithe faireacháin agus meastóireachta i gcomparáid leis an gcás reatha, agus béim fheabhsaithe ar thorthaí. Forálfar leo le haghaidh cuspóirí sonracha, intomhaiste, inghnóthaithe a shainiú, mar aon le táscairí iomchuí.

Tá córais Faireacháin agus Meastóireachta an Choimisiúin Eorpaigh dírithe ar thorthaí ar bhonn níos mó cheana féin. Baineann siad le foireann inmheánach mar aon le saineolas seachtrach. Déanann bainisteoirí cúraimí i dToscaireachtaí AE agus sa Cheanncheathrú faireachán leanúnach ar chur chun feidhme tionscadal agus clár i roinnt slite éagsúla, lena n-áirítear, nuair is féidir, trí chuairteanna allamuigh. Baintear faisnéis luachmhar maidir le dul chun cinn trí fhaireachán, agus tugtar cúnamh do bhainisteoirí baic idir iarbhír agus fhéideartha a shainaithint agus gníomhaíocht cheartaitheach thráthúil a ghlacadh nuair is iomchuí.

Ina theannta sin, déantar saineolaithe seachtracha, neamhspleácha a chonrú chun feidhmíocht ghníomhaíochtaí seachtracha an AE a mheasúnú trí bhíthin córas comhlántach éagsúil. Cuireann na measúnuithe seo le cuntasacht agus le feabhsú ar idirghabhálacha leanúnacha; baineann siad leas as ceachtanna chomh maith ó thaithí roimhe seo maidir le beartais agus gníomhaíochtaí amach anseo. Baintear úsáid as uirlisí i gcomhréir le critéir meastóireachta ECFE-CCF lena n-áirítear tionchar (féideartha).

Tacaíonn an Coimisiún le tíortha tairbhíocha chomh maith chun a n-acmhainní féin a fhorbairt chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chaiteachas. Faoin ionstraim nua, déanfar freagracht maidir le faireachán agus meastóireacht a tharmligean a thuilleadh chuig tíortha tairbhíocha. Go háirithe, sa chás ina mbainistíonn an Coimisiún an cúnamh thar ceann an tairbhí, is ar an gCoimisiún an fhanfaidh an phríomhfhreagracht maidir le faireachán agus meastóireacht. Ar an láimh eile, sa chás ina mbainistíonn tíortha tairbhíocha an cúnamh faoina bhfreagracht féin (bainistíocht díláraithe) ní bheidh

ach ról maoirseachta den chuid is mó ag an gCoimisiún (seachas meastóireachtaí ex-ante agus ex-post), agus is ar an tairbhí a bheidh an phríomhfhreagracht.

Tuairiscítear i *bhfaireachán ar leibhéal tionscadail* ar dhul chun cinn de réir pleananna, go háirithe maidir le: (i) dámhachtainí conarthacha/deontais agus (ii) seachadadh aschur. Tacaítear le bainisteoirí cúraim ag an gcóras Faireacháin atá Dírithe ar Thorthaí (Results Oriented Monitoring - ROM) lena gcuirtear roghbhlúire fócasaithe ar fáil maidir le cáilíocht sampla idirghabhálacha. Ag baint úsáide as modheolaíocht chaighdeánaithe, ardstruchtúrtha, tugann saineolaithe neamhspleácha ROM gráid lena léirítear láidreachtaí agus laigí an tionscadail agus tugann siad moltaí faoin gcaoi is fearr éifeachtacht a fheabhsú.

I dteannta le faireachán, is féidir *meastóireachtaí ar leibhéal tionscadail* a dhéanamh faoi bhainistíocht Thoscaireacht an AE nó faoi na seirbhísí oibríochtúla i gceannas ar an tionscadal. Tá meastóireachtaí ar leibhéal tionscadail beartaithe chun na córais faireacháin atá ann cheana a chomhlánú agus ba cheart anailís dhomhain níos mionsonraithe ar fáil iontu. Ba cheart go mbeidh siad ina chúnamh do bhainisteoirí tionscadail maidir le hidirghabhálacha leanúnacha a fheabhsú nó a dtorthaí agus a n-inbhuanaitheacht a dhearbhú.

*Ar leibhéal na hearnála agus an chláir*, cuireann *coistí faireacháin* a bhfuil tíortha tairbhíocha agus an Coimisiún ina gcomhchathaoirleach orthu an struchtúr ar fáil chun dul chun cinn a mheasúnú de réir pleananna. Tacaítear leis na coistí sin trí bhíthin chinntí na dtuarascálacha faireacháin agus na meastóireachtaí. Faoin ionstraim nua, déanfar ról na gcoistí faireacháin a neartú do na tíortha is iarrthóirí agus do na hiarrthóirí ionchasacha araon, d'fhonn a áirithiú go gcuirfidh cur chun feidhme an chúnaimh airgeadais go cuí leis an idirphlé beartais agus go ndéanfar conclúidí agus moltaí na gcoistí a chomhlíonadh agus a athleanúint ar bhonn níos córasaí.

Déanann seirbhísí an Choimisiúin *meastóireachtaí atá ar leibhéal níos airde ná tionscadal* (earnáil, clár, straitéiseach, téamach, srl) a bhainistiú den chuid is mó. Déantar roinnt meastóireachtaí, go háirithe meastóireachtaí eatramhacha a cheaptar chun tacú leis an bpróiseas cinnteoireachta a tharmligean diaidh ar ndiaidh chuig tíortha tairbhíocha chun críocha úinéireachta agus forbartha acmhainne.

Déantar torthaí na meastóireachtaí nó cinntí na hachoimre a chur in iúl ar bhonn rialta don Choiste IPA, don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa mar chuid den Tuarascáil Bhliantúil IPA, agus déantar iad a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

## 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

### *2.2.1. Na rioscaí a aithníodh*

Tá na rioscaí seo a leanas maidir le cuspóirí na hionstraime a bhaint amach ina saintréithe de thimpeallacht oibríochtúil IPA:

– Tá IPA ceaptha go príomha ionas go reáchtálfaí í faoi mhodh bainistithe díláraithe, mar chuid lárnach d'ullmhúcháin roimh bhallraíocht san AE. Tuigtear riosca bunúsach níos airde ón méid sin ós rud é nach bhfuil údarás díreach ag an mbunbhainisteoir (an Coimisiún) thar struchtúr cur chun feidhme an bhainisteora díláraithe;

– cuireann athruithe rialta ar an timpeallacht cur chun feidhme atá bunúsach do phróisis aontachais, m.sh. athrú ó bhainistiú láraithe go bainistiú díláraithe, ansin tarscaoileadh ar rialuithe ex ante, ardéileamh as an ngnáth ar chomhordú eagrúcháin, agus ar inoiriúnaitheacht, ar oiliúint agus ar bhreithiúnas na foirne, agus bíonn athruithe rialta dá réir sin de dhíth orthu maidir le rialú inmheánach agus socrú eagrúcháin ó thaobh an Choimisiúin de;

– is féidir le héagsúlacht na dtairbhithe ionchasacha a bhfuil struchtúir agus cumais rialaithe inmheánaigh éagsúla acu na hacmhainní atá ar fáil don Choimisiún chun cur chun feidhme a thacú agus faireachán a dhéanamh air a scoilteadh agus a laghdú dá bhrí sin;

– d'fhéadfadh go mbeadh próisis dhíláraithe fhadálacha ann trína gcuirfí isteach ar úsáid thráthúil cistí agus / nó trína gcruthófaí deacrachtaí agus moilleanna maidir le ceapadh agus cur chun feidhme na n-idirghabhálacha aonair de bharr easnamh ar an gcumas institiúideach agus riaracháin i dtíortha tairbhíocha;

– d'fhéadfadh bac a bheith ar chumas an Choimisiúin torthaí a thuairisciú agus a bheith cuntasach ina leith mar gheall ar dhroch-chaighdeán agus ar chainníocht ghann sonraí atá ar fáil maidir le torthaí agus tionchar an chúnaimh réamhaontachais i dtíortha tairbhíocha;

– d'fhéadfadh go mbeadh moilleanna ann i gceapadh agus i gcur chun feidhme idirghabhálacha de bharr deacrachtaí eacnamaíocha/polaitiúla, go háirithe i dtíortha tairbhíocha ina bhfuil na hinstitiúidí úrnua agus leochaileach go fóill;

– d'fhéadfadh saincheisteanna bunreachtúla, institiúideacha agus teorann nach bhfuil réitithe laistigh de thíortha tairbhíocha agus eatarthu bac a chur ar chur chun feidhme na bpríomhthionscadal cúnaimh agus d'fhéadfaí méid suntasach cistí a chailliúint dá bharr;

– d'fhéadfadh nach mbeadh acmhainní imleora ann chun bainistiú cuí a dhéanamh ar an ionstraim de bharr easpa creidmheasanna riaracháin.

*2.2.2. Modhanna rialaithe atá beartaithe*

Tá próiseas rialaithe / bainistithe inmheánaigh na nArd-Stiúrthóireachtaí ceaptha chun urrús réasúnach a sholáthar ó thaobh cuspóirí a bhaint amach maidir le héifeachtacht, éifeachtúlacht agus barainneacht a gcuid oibríochtaí, iontaofacht a gcuid tuairiscithe airgeadais agus comhlíonadh an chreata ábhartha reachtúil agus nós imeachta.

D'fhonn éifeachtacht, éifeachtúlacht agus barainneacht a oibríochtaí a áirithiú (agus chun an t-ardleibhéal riosca ina thimpeallacht réamhaontachais a mhaolú), anuas ar ghnéithe uile phróiseas an Bheartais Straitéisigh agus na Pleanála a bhaineann leis an gCoimisiún ar fad, na timpeallachta iniúchta inmheánaigh agus riachtanais eile Chaighdeáin Rialaithe Inmheánaigh an Choimisiúin, beidh creat bainistíochta cúnaimh airgeadais oiriúnaithe i bhfeidhm faoina ionstraimí go léir i gcónaí ag Ard-Stiúrthóireacht an Mhéadaithe (baineann Ard-Stiúrthóireachtaí IPA eile leas as socruithe comhchosúla nó mionathraithe atá barrfheabhsaithe le haghaidh na trasdula go dtí an creat rialaithe maidir le cistí struchtúracha agus talmhaíochta an AE), rud atá cumhdaithe i ndoiciméad straitéise um Rialú Inmheánach a ndéantar é a nuashonrú ar bhonn rialta. Áireofar leis an méid seo a leanas:

– Bainistíocht dhíláraithe ag gníomhaireachtaí náisiúnta cur chun feidhme a ndéanann an Coimisiún cumhachtaí bainistíochta a thabhairt dóibh tar éis próisis chúramaigh ina ndéantar

caighdeáin bhainistíochta dhochta a shocrú agus iad a mheasúnú trí *inter alia* iniúchtaí córas cuimsitheacha.

– Rialuithe ex ante toscaireachtaí AE allamuigh maidir le gach comhad cúnaimh arna fhaomhadh ag na córais náisiúnta cur chun feidhme go dtí go meastar go bhfuil na córais sin réidh agus aibí go pointe inar féidir rialuithe ex ante dá leithéid a tharscaoileadh go sábháilte. Baineann an measúnú ar chuntas teiste na gcóras náisiúnta le *inter alia* treochtaí sa ráta diúltaithe comhad.

– Línte soiléire cuntasachta maidir le hairgeadas agus le torthaí ó chórais náisiúnta um chur chun feidhme chuig Oifigeach um Údarú (Stiúrthóir) an Choimisiúin arna fho-tharmligean ag an AOD, lena n-áirítear tuairisciú neamhrialtachta, ráiteas bliantúil deimhniúcháin ó oifigigh um údarú náisiúnta agus tuairimí iniúchta na n-údarás iniúchta náisiúnta;

– Clár d'iniúchtaí fo-chórais arna dtabhairt chun críche ag iniúchóirí an Choimisiúin chun seiceáil a dhéanamh ar chomhlíonadh leanúnach i gcaighdeáin bainistíochta i ndiaidh do thabhairt bainistíochta;

– Imréiteach sainithe ar nósanna imeachta cuntas lena n-áirítear fíoruithe breise agus beartas struchtúrtha le haghaidh ceartú airgeadais ar earráidí idirbhirt agus earráidí córasacha arna mbrath ag iniúchóirí náisiúnta agus an Choimisiúin;

– Bainistiú díláraithe ar thromlach an chúnaimh réamhaontachais ó thoscaireachtaí an AE sa réimse go dtí gur féidir cumhachtaí bainistíochta a thabhairt do ghníomhaireachtaí náisiúnta cur chun feidhme.

– Línte soiléire cuntasachta airgeadais le haghaidh bainistíochta arna tarmligean do thoscaireachtaí an AE trí fho-tharmligean ón Oifigeach um Údarú (Stiúrthóir) fo-tharmligthe ag an gCeanncheathrú chuig Ceann na Toscaireachta;

– Straitéisí dearbhaithe arna mbunú ag Toscaireachtaí AE agus nuashonrú bliantúil ina leith le haghaidh a n-oifigigh trí fho-tharmligean (Stiúrthóirí) lena n-áirítear pleananna mionsonraithe, pleananna rialaithe arna measúnú de réir riosca agus pleananna iniúchta;

– Tuairisciú rialta ó Thoscaireachtaí AE chuig ceanncheathrú (AOSD / Tuarascálacha Bainistíochta) maidir le cur chun feidhme an chúnaimh agus na straitéisí dearbhaithe, lena n-áireofar Ráiteas Dearbhaithe bliantúil ó na AOSDanna fo-tharmligthe / ó na Cinn Toscaireachta;

– Iniúchtaí inmheánacha rialta ar thoscaireachtaí, idir thoscaireachtaí a dhéanann maoirsiú ar chur chun feidhme díláraithe agus agus thoscaireachtaí tarmligthe;

– Rialuithe ex post ar chláir chríochnaithe chun deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonfaidh gach leibhéal de chuid na gcóras bainistíochta agus rialaithe na caighdeáin atá riachtanach;

– Clár suntasach oiliúna a chur ar fáil don fhoireann ag an gceanncheathrú agus ag toscaireachtaí araon,

– Tacaíocht agus treoir shuntasach Ceanncheathrúna/Toscaireachta (tríd an Idirlín san áireamh);

– Modheolaíocht bainistíochta ar thimthriall tionscadail agus cláir lena n-áirítear:

– Uirlisí tacaíochta cáilíochta le haghaidh an idirghabháil agus an modh seachadta lena mbaineann a cheapadh, an mheicníocht cistiúcháin, an córas bainistíochta, aon chomhpháirtí cur chun feidhme a mheasúnú agus a roghnú etc.

– Bainistíocht cláir agus tionscadail, uirlisí faireacháin agus tuairiscithe le haghaidh cur chun feidhme éifeachtach lena n-áirítear faireachán seachtrach rialta ar an bpointe ar thionscadail.

– Comhpháirteanna meastóireachta agus iniúchta suntasacha.

Leanfaidh DG ELARG ar aghaidh le saothrú na gcaighdeán is airde maidir le tuairisciú cuntasaíochta reatha agus airgeadais d'fhonn tuairim leanúnach gan agús óna hiniúchóirí seachtracha (Cúirt Iniúchóirí na hEorpa) a áirithiú trí úsáid a bhaint as córas cuntasaíochta bunaithe ar fhabhruithe (ABAC) an Choimisiúin chomh maith le huirlisí sonracha cabhrach seachtraí amhail Comhchóras Faisnéise Relex (CRIS).

Maidir leis an reachtaíocht ábhartha agus an creat nós imeachta a chomhlíonadh, tá modhanna rialaithe leagtha amach in gcuid 1.3 (bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc)

*2.2.3. Na costais agus na tairbhí a bhaineann le Rialuithe atá Beartaithe:*

2.2.3.1. Costais Rialaithe

Níl mórán difir idir an socrú rialaithe atá molta i leith an IPA nua agus an ceann a bhaineann leis an ionstraim reatha. Beidh an struchtúr costais lena mbaineann comhchosúil dá bhrí sin. Mar sin féin, táthar ag súil go ndéanfaidh athdhearadh na hionstraime dóchúlacht earráidí comhlíonta a laghdú faoi mhéid inbhraite. Ba cheart go gcuirfidh gnéithe ar nós clárú níos solúbtha, ina ndéanfar foráil do roghnú tionscadail barrfheabhsaithe agus d'úsáid níos leithne ionstraimí maoiniúcháin nuálacha (e.g. giaráil Institiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais agus deontóirí eile), leis sin.

Tá costais ionchais na rialuithe atá léirithe thíos bunaithe ar phraghas reatha agus ar na toimhdí seo a leanas:

– Tá leibhéil reatha soláthar foirne sna hArd-Stiúrthóireachtaí IPA cobhsaí i rith na tréimhse

– Meánchostas státseirbhísigh = EUR 127,000 (dhá oiread le haghaidh post i dToscaireacht AE)

– Meánchostas gníomhaire conartha = EUR 64,000

Níl costais arna dtabhú ag córais náisiúnta i dtíortha a bhfuil IPA á cur chun feidhme acu faoi bhainistíocht díláraithe san áireamh. Ba cheart é a thabhairt faoi deara gur trí chaiteachas oibríochtúil IPA a mhaoinítear scair shuntasach de na costais infheistíochta agus oiliúna a dtabhaítear chun córais dá leithéid a chur ar bun.

| | |
|---|---|
| Costais bainistíochta agus rialaithe IPA fhoriomlána in aghaidh na bliana (An fhoireann: arna leithdháileadh ar Chlár nó ar Bhainistíocht bhuiséadach agus ar fhrith-chalaois)<br>Costais seasta (ar leibhéil reatha agus phleanáilte de chaiteachas oibríochtúil) | M EUR |

| | |
|---|---|
| Oifigigh i gCeanncheathrú DG ELARG | 11.2 |
| Gníomhairí Conartha i gCeanncheathrú DG ELARG | 7.3 |
| Oifigigh i dToscaireachtaí an AE | 9.4 |
| Gníomhairí Conartha i dToscaireachtaí an AE | 6.5 |
| Costais Gníomhairí Áitiúla, costais áitiúla le haghaidh Gníomhairí Conartha, agus costais eile a bhaineann le riar Toscaireachtaí | 28.5 |
| Oifigigh agus Gníomhairí Conartha in Ard-Stiúrthóireachtaí IPA eile | 2.0 |
| An fhoireann sheachtrach ó Ard-Stiúrthóireachtaí IPA eile i dToscaireachtaí an AE | 6.0 |
| Costais athraitheacha (meastachán ar an gcostas bliantúil foriomlán reatha) | |
| Costais rialaithe iniúchóireachta agus ex post arna gconrú | 1.0 |
| Costais mheastóireachta arna gconrú | 3.0 |
| Costais mheastóireachta arna gconrú (ROM) | 2.0 |
| Deimhnuithe iniúchóireachta (arna gconrú ag tairbhithe) | 2.0 |
| Rialuithe ar an láthair agus rialuithe breise conraithe eile atá mar chuid de sheiceálacha ciorcaid airgeadais | 0.8 |
| Costais rialaithe iomlána (IPA) in aghaidh na bliana | 79.7 |

Is costais bainistíochta agus rialaithe iad na costais atá léirithe sa tábla, agus is ionann iad agus tuairim agus EUR 80 milliún, nó tuairim agus 4% den chaiteachas bliantúil atá beartaithe le haghaidh 2014-2020. Cuimsítear leo an struchtúr bainistíochta iomlán le haghaidh na hionstraime, ó phleanáil go clárú go cur chun feidhme. D'fhéadfaí costais iomlána a laghdú faoi thuairim agus EUR 30 milliún, i.e. bheadh tuairim agus EUR 50 milliún i gceist (tuairim agus 2.5% den chaiteachas bliantúil atá beartaithe le haghaidh 2014-2020) trí shainiú níos cúinge ar rialú lena n-áirítear costas seiceálacha lena mbaineann tionchar ar rialtacht idirbheartaíochtaí, agus an costas sin amháin.

Is costais athraitheacha iad na cúig shraith dheireanacha. Braithfidh a luach bliantúil ar dhéine na rialuithe arna socrú ag AOSDanna ina gcuid straitéisí deimhnithe. Tá an déine sin bunaithe ar mheasúnú riosca críochnúil i leith na gconarthaí go léir atá ann fós, ag tabhairt na hacmhainní buiséadacha atá ar fáil san áireamh. Tá na luachanna bliantúla atá léirithe sa tábla bunaithe ar an gcleachtas reatha.

Maidir le costais athraitheacha, beidh na meánchostais aonadacha ar ghníomhaíochtaí rialaithe aonair arna gconrú infheidhme:

Deimhnithe iniúchta:

Garluach an mheánchostais iniúchóireachta in aghaidh an deontais: 0.2% de luach an chonartha

Garluach an mheánchostais iniúchóireachta in aghaidh an chonartha seirbhíse: 0.1% de luach an chonartha

Rialuithe Ex Post:

Meánchostas rialaithe ex post lena gcuimsítear EUR 22 milliún ar an meán d'idirbhearta bunúsacha (EUR 17 milliún arna mhaoiniú ag an AE): EUR 50,000 (= EUR 2,300 / EUR 3,000 in aghaidh an mhilliúin iniúchta)

Rialuithe ar an Láthair:

Meánchostas conartha ar chumhdach idirbheart bunúsach dar luach EUR 175 milliún: EUR 75,000 (EUR 430 in aghaidh an mhilliúin sheiceáilte).

2.2.3.2. Na tairbhí a bhaineann le Rialú

Ní bhaineann ach ráta earráide faoi bhun 2% de chaiteachas leis an socrú rialaithe a úsáidtear le haghaidh clár réamh-IPA agus IPA. Faoi dheireadh 2010, b'ionann aisghabhálacha carntha ó chláir chríochnaithe faoi bhainistiú díláraithe agus EUR 29 milliún as méid iomlán arna iniúchadh arbh fhiú EUR 3,500 milliún (0.82%).

Modh féideartha amháin atá ann chun tairbhe a mheas maidir leis an socrú rialaithe a bhíonn i bhfeidhm i gcás bainistithe dhíláraithe is ea leas a bhaint as luachanna agus treochtaí tháscaire an ráta diúltaithe. Ba cheart go laghdóidh ráta na gcomhad arna ndiúltú ag Toscaireacht an AE i rialuithe ex ante dá leithéid go leibhéal thar a bheith íseal de réir mar a thagann forbairt ar chórais náisiúnta agus breithniú déanta orthu le haghaidh tarscaoilte maidir le rialuithe ex ante ar chomhaid soláthair.

Tá laghdú tagtha in 2010 ar rátaí diúltaithe i dtír atá gar anois d'aontachas (an Chróit), go leibhéil idir 14% agus 20% (ag brath ar an gcineál comhaid). I dtír ina bhfuil neart le déanamh sula bhféadfar rialuithe *ex ante* a tharscaoileadh (an Tuirc), bíonn na rátaí idir 19% agus os cionn 60%.

Is féidir comhaid a dhiúltú ar roinnt bonn, go minic, ach ní i gcónaí, maidir le saincheisteanna dlíthiúlachta agus rialtachta. Ag toimhdiú go bhfuil leath de na diúltuithe bunaithe ar rialtacht, is féidir tátal réasúnta a bhaint as taithí gur féidir an leibhéal earráide a laghdú ó leibhéal idir 10% agus 30% go leibhéal faoi bhun 2% de bhun an rialaithe ex ante lena mbaineann socrú bunaithe ar sholáthar. Ní thugtar éagsúlachtaí san áireamh a thiocfadh chun cinn dá mbainfí úsáid as luachanna comhaid seachas uimhreacha comhaid san anailís. Dá ainneoin sin, is féidir é a thabhairt slán go bhfuil an socrú rialaithe reatha i mbainistiú díláraithe cothromaithe i gceart a bheag nó a mhór ionas nach mbeidh earráidí laistigh de chuspóir rialú inmheánach an Choimisiúin níos mó ná earráid 2%.

Cé go bhfuil IPA ceaptha chun forbairt i dtreo na bainistithe díláraithe a luaithe is féidir, féadfaidh gur ionann bainistiú láraithe agus scair shuntasach de chaiteachas iomlán IPA má chuirtear moill chomhuaineach ar thabhairt bainistíochta i roinnt tíortha. B'amhlaidh an scéal in 2010/11, agus is cosúil gur amhlaidh a bheidh go dtí 2013.

Rinneadh 350 ceartúchán (asbhaintí nó aisghabhálacha) ar íocaíochtaí i mbainistíocht láraithe agus i gcomhbhainistíocht in DG ELARG arbh fhiú tuairim agus EUR 6 mhilliún iad in 2010. Is ionann an luach sin agus 1% de na híocaíochtaí iomlána láraithe in 2010, agus is féidir é a úsáid mar tháscaire garbh ar an tairbhe arna fhabhrú ó sheiceálacha breise laistigh de na seiceálacha bunúsacha ciorcaid airgeadais agus anuas orthu.

Ar an dóigh chéanna le bainistiú díláraithe, tá sé seo comhsheasmhach leis an tuairim go bhfuil an socrú rialaithe ata á úsáid le haghaidh IPA i láthair na huaire cothromaithe a bheag nó a mhór do chuspóir an rialaithe inmheánaigh atá socraithe.

2.2.3.3. Leibhéal ionchais maidir le Neamh-chomhlíonadh Rialacha Infheidhme

Go dtí 2006, bhí sé de thuairim chomhsheasmhach Chúirt na nIniúchóirí nach raibh idirbhearta réamhaontachais faoi thionchar earráide ábhartha (faoi bhun 2%), ar aon dul le tuairimí na bainistíochta maidir le héifeachtacht an tsocraithe rialaithe arna úsáid.

Ó 2007 i leith, ní dhéanann an Chúirt iniúchadh ar idirbhearta réamhaontachais ach ar shampla lán-ionadaíoch faoi seach. Tá cónascadh déanta ar mheasúnú na Cúirte idir an pobal réamhaontachais agus pobal na n-ionstraimí cabhrach seachtraí eile go léir. Níorbh fhéidir eachtarshuíomh staitistiúil ar bith a dhéanamh ó shin dá réir sin a bheadh sonrach do réimse an bheartais réamhaontachais ná don socrú rialaithe.

Tá earráidí idir 2 agus 5% ar an iomlán aimsithe ag an gCúirt maidir le hionstraimí cabhrach seachtraí sna blianta atá caite ó shin.

Agus na gnéithe arna dtuairisciú in 2.2.3.2 thuas á gcur san áireamh, is réasúnta go mbeifí ag súil go mbeadh cothromaíocht cheart idir costais agus tairbhí na rialuithe sa socrú rialaithe arna úsáid le haghaidh na hionstraime réamhaontachais agus go n-áiritheofaí leis go gcomhlíonfaí ar bhonn comhsheasmhach amach anseo cuspóir an rialaithe inmheánaigh maidir le hearráidí dar mhéid níos lú ná 2% ar an gcaiteachas foriomlán.

Ina theannta sin, ba cheart go neartódh gnéithe an tsimplithe agus na solúbthachta breisithe atá molta le haghaidh na hionstraime nua an toimhde seo, ós rud é go laghdaíonn siad an dóchúlacht i leith earráidí comhlíontachta.

Ina mhalairt de chás, tiocfaidh rioscaí nua chun cinn de réir mar a thagann tíortha lena mbaineann acmhainní riaracháin atá measartha lag i líne le haghaidh na tabhartha bainistíochta sna blianta amach romhainn.

Fiú más deacair é tionchar iomlán na bhfeabhsuithe ar cheapadh na hionstraime agus ar na rioscaí breisithe a chainníochtú, is féidir toimhdiú a dhéanamh go bhfuil raon spriocttha chuspóir foriomlán an rialaithe inmheánaigh cosúil leis na torthaí reatha.

Mar thátal, is cosúil go bhfuil an socrú rialaithe mínchothromaithe. Trí phleananna rialaithe mionchoigeartaithe arna sloinneadh i straitéisí deimhniúcháin bliantúla riosca-bhunaithe na mbainisteoirí, déantar foráil ann do mhéaduithe nó do laghduithe ar chostais athraitheacha faoi mar a bhíonn de dhíth i dtimpeallacht ina dtagann athrú ar rioscaí, agus cothromaíocht chobhsaí costais is tairbhe a áirithiú dá réir.

Ach is cosúil go mbeidh an socrú rialaithe foriomlán thar a bheith íogair d’éagsúlachtaí diúltacha ar an costais rialaithe sheasta, go háirithe ós rud é nach moltar go dtiocfaidh méadú orthu sin i gcomhréir le caiteachas foriomlán.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe.*

I bhfianaise na timpeallachta riosca ina bhfeidhmíonn DG ELARG, ní foláir nó go ndéanfaí teagmhas earráide comhlíontachta féideartha in idirbhearta a réamh-mheas lena cuid córas agus go gcuirfí rialuithe coisctheacha, braiteacha agus ceartaitheacha san áireamh iontu chomh luath agus is féidir sa phróiseas soláthair agus íocaíochta. Ciallaíonn sé sin i gcleachtas go mbraithfidh rialuithe comhlíontachta DG ELARG ar sheiceálacha suntasacha ex-ante den chuid is mó, arna ndéanamh ag foireann an Choimisiúin maidir le hidirbhearta soláthair, agus ar iniúchtaí córas córasacha ar chórais íocaíochta dhíláraithe (agus roinnt seiceálacha agus iniúchtaí ex-post fós á ndéanamh), ag dul i bhfad thar na coimircí airgeadais a cheanglaítear leis an Rialachán Airgeadais. Tá na comhpháirteanna suntasacha seo a leanas i gcreat comhlíontachta DG ELARG:

- Bearta coisctheacha

  - Oiliúint lárnach éigeantach ina gcuimsítear saincheisteanna calaoise i gcomhair foirne bainistíochta cabhrach;

  - Treoir a sholáthar (lena n-áirítear treoir ar an Idirlíon) lena n-áirítear an Treoir Phraiticiúil i leith Conarthaí (*Practical Guide to Contracts*) agus na treoirlínte bainistíochta atá ar fáil faoi chreat na Straitéise um Rialú de chuid DG ELARG;

  - Iniúchadh ex-ante ar údaráis náisiúnta cur chun feidhme roimh thabhairt na bainistíochta, lena n-áireofar measúnú d’fhonn a áirithiú go bhfuil bearta iomchuí frithchalaoise chun calaois i mbainistiú cistí an AE a chosc agus a bhrath ar bun ag na húdaráis a bhainistíonn na cistí ábhartha,

  - Scagadh ex-ante ar na meicníochtaí frithchalaoise atá ar fáil sa tír thairbhíoch mar chuid den mheasúnú ar chritéir cháilitheachta na bainistíochta airgeadais phoiblí maidir le tacaíocht bhuiséadach a fháil (i.e. tiomantas gníomhach chun dul i ngleic le calaois agus éilliú, údaráis iniúchta leormhaithe, cumas breithiúnach leordhóthanach agus meicníochtaí éifeachtúla freagartha agus smachtbhanna),

  - Rialuithe ex-ante ar na conarthaí go léir a sholáthraítear go náisiúnta; arna dtarscaoileadh i ndiaidh do chórais náisiúnta tagarmharcálacha bainistíochta agus rialaithe déine a chomhlíonadh;

- Bearta braiteacha agus ceartaitheacha

  - Seiceálacha idirbhirt ex-ante arna bhfeidhmiú ag foireann an Choimisiúin;

  - Fíoruithe agus iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha, lena n-áirítear ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa;

  - Seiceálacha cúlghabhálacha agus aisghabhálacha.

Ina theannta sin sa chás ina gceaptar go dtarlaíonn neamhrialtacht d’aon ghnó (calaois) tá bearta eile ar fáil do DG ELARG lena n-áirítear:

  - Teorainn ama le haghaidh íocaíochtaí a chur ar fionraí agus fógra a thabhairt don aonán;

  - Iniúchóireachtaí sonracha (iniúchóireacht ad hoc/fhóiréinseach);

| |
|---|
| - Córas Réamhrabhaidh & faireachán atreisithe ar chonarthaí;<br><br>- Conradh a chur ar fionraí/a fhoirceannadh;<br><br>- Nós imeachta eisiaimh.<br><br>- Iarratais seirbhísithe le haghaidh cistí ó chistí náisiúnta a chur ar fionraí;<br><br>- Tabhairt bainistíochta a chur ar fionraí nó a bhaint<br><br>Ceapfaidh DG ELARG a straitéis frithchalaoise i gcomhréir le straitéis frithchalaoise nua an Choimisiúin (CAFS) arna glacadh an 24 Meitheamh 2011. |

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imrítear tionchar

– Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **Líne buiséid** | **Saghas caiteachais** | **Ranníocaíocht** | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon<br>[Cur síos]** | **LD/LN** [32] | **ó thíortha** [33] **CSTE** | **ó thíortha is iarrthóirí** [34] | **ó thríú tíortha** | **de réir bhrí Airteagal 18(1)(aa) den Rialachán Airgeadais** |
| Ceannteideal 4 | 04 01 04 13<br>An Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) - an Chomhpháirt Acmhainní Daonna - Caiteachas maidir le bainistiú riaracháin | LN | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| Ceannteideal 4 | ***04 06 01<br>An Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) - Forbairt ar acmhainní daonna*** | LD | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| Ceannteideal 4 | 05 01 04 03<br>Cúnamh réamhaontachais i réimse na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe (IPARD) — Caiteachas ar bhainistíocht riaracháin | LN | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

32 LD = Leithreasaí difreáilte / LN = Leithreasaí neamhdhifreáilte
33 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
34 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha is iarrthóirí ionchasacha ó na Balcáin Thiar.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ceannteideal 4 | ***05 05 02 Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais d'Fhorbairt Tuaithe (IPARD)*** | LD | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| Ceannteideal 4 | 13 01 04 02 An Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) - an Chomhpháirt forbartha réigiúnaí - Caiteachas maidir le bainistiú riaracháin | LN | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| Ceannteideal 4 | ***13 05 02 An Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) - an Chomhpháirt forbartha réigiúnaí*** | LD | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| Ceannteideal 4 | 13 05 03 01 Comhar trasteorann (CTT) - Ranníocaíocht ó cheannteideal 1-b | LD | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| Ceannteideal 4 | 13 05 03 02 Comhar trasteorann (CTT) agus rannpháirtíocht na dtíortha is iarrthóirí agus na dtíortha is iarrthóirí ionchasacha i gcláir chomhair thrasnáisiúnta agus idir-réigiúnacha na gCistí Struchtúracha — Ranníocaíocht ó Cheannteideal 4 | LD | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| Ceannteideal 4 | 22 01 04 01 Cúnamh réamhaontachais — Caiteachas ar bhainistíocht riaracháin | LN | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| Ceannteideal 4 | 22 01 04 04 Saoráid Malartaithe Cúnaimh Theicniúil agus Faisnéise (TAIEX) le haghaidh réamhaontachais — Caiteachas ar bhainistíocht riaracháin | LN | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| Ceannteideal 4 | 22 01 04 30 An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Clos-Amhairc agus Cultúir — Ranníocaíocht ó chláir faoi cheannteideal 4 sa réimse beartais um Méadú | LN | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| Ceannteideal 4 | ***22 02 01 Cúnamh trasdula agus forbartha institiúide do thíortha is iarrthóirí*** | LN | NÍL | NÍL | NÍL | TÁ |
| Ceannteideal 4 | ***22 02 02 Cúnamh trasdula agus forbartha institiúide do thíortha is iarrthóirí ionchasacha*** | LN | NÍL | NÍL | NÍL | TÁ |
| Ceannteideal 4 | ***22 02 03 Údaráis shibhialtacha eatramhacha sna Balcáin thiar*** | LN | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| Ceannteideal 4 | 22 02 04 01 Comhar trasteorann (CTT) idir tíortha IPA agus rannpháirtíocht i gcláir thrasnáisiúnta/idir-réigiúnacha CFRE agus cláir imchuach farraige ENPI | LN | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ceanntei deal 4 | 22 02 04 02 Comhar trasteorann (CTT) leis na Ballstáit | LN | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| Ceanntei deal 4 | ***22 02 06 Saoráid Malartaithe Cúnaimh Theicniúil agus Faisnéise (TAIEX) le haghaidh réamhaontachais*** | LN | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| Ceanntei deal 4 | 22 02 07 01 Cláir réigiúnacha agus chothrománacha | LN | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| Ceanntei deal 4 | 22 02 07 02<br><br>Meastóireacht ar thorthaí na cabhrach Aontais, bearta athleanúna agus iniúchta | LN | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| Ceanntei deal 4 | 22 02 10 02 Faisnéis agus cumarsáid le haghaidh tríú tíortha | LN | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| Ceanntei deal 4 | 22 02 07 03 Tacaíocht airgeadais chun forbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh | LN | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| Ceanntei deal 4 | ***32 04 11 Comhphobal Fuinnimh*** | LN | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Eagrófar an buiséad le haghaidh IPA II i gcomhréir le hAirteagal 41 den Rialachán Airgeadais. Cé go bhfreastalaíonn an chionroinnt iomlán le haghaidh na hionstraim dlí seo ar an mbeartas um méadú, roinntear bainistiú na ngníomhaíochtaí ábhartha idir an DG ELARG, DG REGIO, DG EMPL agus DG AGRI. Is éard atá i gceist le gach ceann de na seirbhísí seo freagracht maidir lena réimse/réimsí beartais faoi seach a ghlacadh, gan dochar do ról comhordaithe foriomlán DG ELARG.

Chun na críche sin, déanfar cionrannta iomlána IPA II a roinnt idir na réimsí beartais, d'fhonn meascán beartais iomchuí a áirithiú, i gcomhréir le riachtanais na dtíortha tairbhíocha agus de réir comhaontaithe idir na ceithre Ard-Stiúrthóireacht. Sa chás ina bhfuil sé riachtanach le haghaidh cur chun feidhme éifeachtach na ndoiciméad straitéiseach agus an bhuiséid a áirithiú, beidh aistrithe idir réimsí beartais indéanta, i gcomhaontú leis an seirbhís nó seirbhísí atá freagrach as an réimse nó na réimsí beartais lena mbaineann.

Áiritheofar go ndéanfar trasdul leanúnach ó IPA go IPA II ionas go ndéanfar an cúnamh faoin IPA a thabhairt chun críche go héifeachtach agus go héifeachtúil.

Déanfar sonraí maidir le struchtúr an bhuiséid a bheartú sa dréachtbhuiséad 2014 d'fhonn comhsheasmhacht le prionsabail an bhuiséadaithe agus na bainistíocht de réir gníomhaíochtaí a áirithiú.

**3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas**

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*

*EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)*

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | **4** | An Eoraip Dhomhanda |
|---|---|---|

| DG: AGRI/ELARG/EMPL/REGIO | | | **2014** | **2015** | **2016** | **2017** | **2018** | **2019** | **2020** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | | |
| ***22 02 Cúnamh airgeadais do thíortha is iarrthóirí/d'iarrthóirí ionchasacha*** | Oibleagáidí | (1) | 1842,5 | 1879,4 | 1917,0 | 1955,3 | 1994,4 | 2034,3 | 2075,6 | **13698,6** |
| *04 06 01 Acmhainní daonna*<br>*05 05 02 Forbairt tuaithe*<br>*13 05 02 Forbairt réigiúnach*<br>*13 05 03 CTT*<br>*32 04 11 An Comhphobal Fuinnimh* | Íocaíochtaí[35] | (2) | 368,5 | 1112,9 | 1872,2 | 1909,6 | 1947,8 | 1986,8 | 2026,6 | **11224,4** |

[35] Íocaíochtaí a bhaineann leis an ionstraim IPA nua amháin

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 22 02 07 03 Tacaíocht airgeadais chun forbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh[36] | Oibleagáidí | (1a) | pm | pm | pm | pm | pm | pm | pm | |
| | Íocaíochtaí | (2a) | pm | pm | pm | pm | pm | pm | pm | |
| Leithreasaí de chineál riaracháin arna maoiniú ó chlúdach na gclár sonrach[37] | | | | | | | | | | |
| ***22 01 04 01/04/30***<br>*04 01 04 13*<br>*05 01 04 03*<br>*13 01 04 02* | | (3) | 55,4 | 56,5 | 57,7 | 58,8 | 60,0 | 61,2 | 61,8 | **411,4** |
| **IOMLÁN leithreasaí le haghaidh DG** ELARG/AGRI/EMPL/REGIO | Oibleagáidí | =1+1 a +3 | 1898,0 | 1935,9 | 1974,6 | 2014,1 | 2054,4 | 2095,5 | 2137,4 | **14110,1** |
| | Íocaíochtaí | =2+2 a +3 | 423,9 | 1169,4 | 1929,8 | 1968,4 | 2007,8 | 2048,0 | 2088,5 | **11635,8** |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasaí faoi chomhair | Oibleagáidí | (4) | 1842,5 | 1879,4 | 1917,0 | 1955,3 | 1994,4 | 2034,3 | 2075,6 | **13698,6** |

36 Déanfar na riachtanais airgeadais maidir le tacaíocht do phobal Turcach na Cipire a chumhdach ón gclúdach foriomlán arna leithdháileadh ar an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais go dtí go ndéanfar an coigeartú atá beartaithe sa dara mír d'Airteagal 11 den Rialachán ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhlianúil do na blianta 2014-2020

37 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó gníomhaíochtaí an AE (seanlínte "BA”), taighde indíreach, taighde díreach a chur chun feidhme

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| oibríochtaí | Íocaíochtaí | (5) | 368,5 | 1112,9 | 1872,2 | 1909,6 | 1947,8 | 1986,8 | 2026,6 | **11224,4** |
| • IOMLÁN leithreasaí de chineál riaracháin arna maoiniú ó chlúdach na gclár sonrach | | (6) | 55,4 | 56,5 | 57,7 | 58,8 | 60,0 | 61,2 | 61,8 | **411,4** |
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDEAL 4** den chreat airgeadais ilbhliantúil | **Oibleagáidí** | **=4+ 6** | 1898,0 | 1935,9 | 1974,6 | 2014,1 | 2054,4 | 2095,5 | 2137,4 | **14110,1** |
| | **Íocaíochtaí** | **=5+ 6** | **423,9** | **1169,4** | **1929,8** | **1968,4** | **2007,8** | **2048,0** | **2088,5** | **11635,8** |

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil: | 5 | CAITEACHAS RIARACHÁIN |
|---|---|---|

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| | | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| DG: AGRI/ELARG/EMPL/REGIO | | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | 27,0 | 26,1 | 25,7 | 25,7 | 25,7 | 25,7 | 25,7 | **181,5** |
| • Caiteachas riaracháin eile | | 0,8 | 0,8 | 0,8 | 0,8 | 0,8 | 0,8 | 0,8 | **5,3** |
| **IOMLÁN DG** ELARG/ AGRI/REGIO/EMPL | | 27,7 | 26,8 | 26,5 | 26,4 | 26,4 | 26,4 | 26,4 | **186,8** |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDEAL 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán oibleagáidí = Iomlán íocaíochtaí) | **27,7** | **26,8** | **26,5** | **26,4** | **26,4** | **26,4** | **26,4** | **186,8** |

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| | | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Oibleagáidí | **1925,7** | **1962,7** | **2001,1** | **2040,6** | **2080,9** | **2122,0** | **2163,9** | **14296,8** |
| | Íocaíochtaí | **451,7** | **1196,2** | **1956,3** | **1994,9** | **2034,2** | **2074,4** | **2114,9** | **11822,6** |

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí*

Ag an bpointe seo is éiginnte nó athraitheach iad na costais, mar gheall ar chéim an chláraithe a bheidh ar siúl go luath, nach féidir linn a torthaí a thomhas roimh ré. Dá bhrí sin, ní féidir meastachán ar chostais aonaid a chur ar fáil ag an gcéim seo. Ní féidir aschuir a chainníochtú i dtéarmaí uimhriúla amháin, ós rud é go ndéantar dul chun cinn a thomhas de réir dhul chun cinn na dtíortha maidir le haontachas AE. Déanfar meastacháin ar chostais agus ar chostais aonaid a chur ar fáil bunaithe ar mheasúnú riachtanas nuair a bheidh doiciméid straitéise tíre agus iltíre ullmhaithe agus faofa.

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí

☒ Éilíonn an togra/an tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí de chineál riaracháin*

3.2.3.1. Achoimre

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí de chineál riaracháin

☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí riaracháin mar a mhínítear thíos:

Nóta: Áirítear leis na figiúirí le haghaidh Cheannteideal 5 sonraí maidir le DG ELARG agus Toscaireachtaí AE agus DG AGRI/REGIO/EMPL. Figiúirí le haghaidh Cheannteideal 4 lena n-áirítear sonraí maidir le DG ELARG/EMPL/AGRI/REGIO.

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| | **2014** | **2015** | **2016** | **2017** | **2018** | **2019** | **2020** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 27,0 | 26,1 | 25,7 | 25,7 | 25,7 | 25,7 | 25,7 | **181,5** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0,8 | 0,8 | 0,8 | 0,8 | 0,8 | 0,8 | 0,8 | 5,3 |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 27,7 | 26,8 | 26,5 | 26,4 | 26,4 | 26,4 | 26,4 | **186,8** |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5**[38] **den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 49,9 | 50,9 | 52,0 | 53,0 | 54,1 | 55,1 | 55,7 | **370,6** |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | **5,5** | **5,6** | **5,7** | **5,8** | **5,9** | **6,1** | **6,2** | **40,8** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 55,4 | 56,5 | 57,7 | 58,8 | 60,0 | 61,2 | 61,8 | **411,4** |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN** | **83,2** | **83,3** | **84,1** | **85,3** | **86,4** | **87,6** | **88,3** | **598,2** |

[38] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó gníomhaíochtaí an AE (seanlínte "BA”), taighde indíreach, taighde díreach a chur chun feidhme

3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna

☒ Éilíonn an togra/an tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Nóta: Líon fhoireann Cheannteideal 5 lena n-áirítear sonraí maidir le DG ELARG agus Toscaireachtaí an AE, ceanncheathrúna DG AGRI/EMPL/REGIO agus lena n-áirítear freisin laghdú ar líon na bpost a bhaineann le Céimniú amach thoscaireachtaí na Cróite.]

Líon fhoireann Cheannteideal 4 lena n-áirítear sonraí maidir le DG ELARG/EMPL/AGRI/REGIO

*Sloinnfear an meastachán i méideanna iomlána (nó go dtí an 1ú deachúil ar a mhéad)*

| | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus gníomhairí sealadacha)** | | | | | | |
| 22 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíochta an Choimisiúin) | 108,0 | 107,0 | 105,0 | 105,0 | 105,0 | 105,0 | 105,0 |
| 04 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | 10,9 | 10,9 | 10,5 | 10,5 | 10,5 | 10,5 | 10,5 |
| 05 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíochta an Choimisiúin) | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 13 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíochta an Choimisiúin)[39] | 13 | 13 | 13 | 13 | 13 | 13 | 13 |
| 22 01 01 02 (Toscaireachtaí) | 46,0 | 40,0 | 40,0 | 40,0 | 40,0 | 40,0 | 40,0 |
| 22 01 05 01 (Taighde indíreach) | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh |
| **• Pearsanra seachtrach (i gCoibhéis Lánaimseartha: CLA)[40]** | | | | | | | |
| 22 01 02 01 (CA, INT, SNE ón "clúdach iomlánaíoch") | 18,6 | 18,5 | 18,3 | 18,1 | 18,1 | 18,1 | 18,1 |
| 04 01 02 01 (CA, INT, SNE ón "clúdach iomlánaíoch") | - | - | - | - | - | - | - |
| 05 01 02 01 (CA, INT, SNE ón "clúdach iomlánaíoch") | 2,9 | 2,9 | 2,9 | 2,9 | 2,9 | 2,9 | 2,9 |
| 13 01 02 01 (CA, INT, SNE ón "clúdach | 3.5 | 3.5 | 3.5 | 3.5 | 3.5 | 3.5 | 3.5 |

[39] 5 FTE ina measc, chun cúnamh IPA a chur i gcrích sa Chróit in 2014 agus chun faireachán a dhéanamh ar an gcúnamh sin.

[40] CA= Gníomhaire ar conradh; INT= Foireann ghníomhaireachta ("*Intérimaire*"); JED= "*Jeune Expert en Délégation*" (saineolaí óg i dToscaireachta); LA= Gníomhaire Áitiúil; SNE= Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht;

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| iomlánaíoch") | | | | | | | | |
| 22 01 02 02 (CA, INT, JED, LA agus SNE sna toscaireachtaí) | | 17,7 | 17,5 | 17,3 | 17,2 | 17,2 | 17,2 | 17,2 |
| 22 01 04 01/04 [41] | - sa Cheanncheathrú[42] | 102,3 | 100,1 | 98 | 96 | 93,9 | 91,9 | 90 |
| | - i dtoscaireachtaí | 399,5 | 400,6 | 401,7 | 402,8 | 403,9 | 404,9 | 405,9 |
| 04 01 04 13 i dtoscaireachtaí | | 13,2 | 13,3 | 13,3 | 13,3 | 13,4 | 13,4 | 13,4 |
| 05 01 04 03 i dtoscaireachtaí | | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 |
| 13 01 04 02 i dtoscaireachtaí | | 39,7 | 39,8 | 39,9 | 40,0 | 40,1 | 40,2 | 40,3 |
| 22 01 05 02 (CA, INT, SNE – Taighde indíreach) | | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh |
| 10 01 05 02 (CA, INT, SNE - Taighde díreach) | | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh | n/bh |

41 Faoin uasteorainn do phearsanra seachtrach ó leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").
Áirítear sa líne buiséid seo freisin foráil maidir le 22 FTE chun an cúnamh do phobal Turcach na Cipire a chur chun feidhme, chun faireachán a dhéanamh air agus chun deireadh a chur leis de réir a chéile. Cuirfear deireadh leis an bhforáil sin agus aistreorfar é chuig an teideal ábhartha den teideal a luaithe is a dhéanfar an coigeartú atá beartaithe sa dara mír d'Airteagal 11 den Rialachán ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020.

42 Le haghaidh na gCistí Struchtúracha, an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Chiste Eorpaigh Iascaigh (CEI) go bunúsach.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN** | 789,3 | 781 | 777,3 | 776,2 | 775,3 | 774,5 | 773,7 |

Comhlíonfar na riachtanais acmhainní daonna trí fhoireann ón DG a bhfuil bainistíocht na gníomhaíochta faoina cúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe taobh istigh den DG, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don DG atá i mbun bainistíochta faoin nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil agus i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus gníomhairí sealadacha | Pleanáil, clárú, bainistíocht agus faireachán ar chúnamh airgeadais |
| Pearsanra seachtrach | Pleanáil, clárú, bainistíocht agus faireachán ar chúnamh airgeadais |

### 3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha 2014-2020*

☒ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil 2014-2020.

☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo sa chreat airgeadais ilbhliantúil.

| |
|---|
| Mínigh an cineál athchláraithe a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil[43].

| |
|---|
| Mínigh a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

### 3.2.5. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

☒ Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh do chómhaoiniú le tríú páirtithe

☐ Déantar foráil sa togra/tionscnamh don chómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasaí in EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | ... tabhair na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| *Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe* | | | | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasaí cómhaoinithe | | | | | | | | |

[43] Féach pointí 19 agus 24 den Chomhaontú Idirinstitiúideach.

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

☒ Níl impleachtaí airgeadais ar bith ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

☐ Tá an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☐ ar ioncam ilghnéitheach

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasaí atá ar fáil don chleachtadh buiséadach leanúnach | Tionchar an togra/tionscnaimh[44] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | ... tabhair na colúin ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal ………… . | | | | | | | | |

I gcás ioncaim ilghnéithigh shannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

[44] A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25% de chostais bhailiúcháin a bheith bainte astu.